


CÉIM AR CHÉIM



Céim 11 – 15

Intreoir

Is moladh é an plean seo ar stráitéisí, ghníomhaíochtaí agus cheachtanna bunaithe ar an scéim léitheoireachta **Céim ar Chéim**. Tá pacáiste de leathanaigh thacaíochta ar fáil le tacú leis an phlean seo. Tá áiseanna ann a síleadh a bheadh úsáideach le gníomh áirithe a dhéanamh chomh maith.

Ar ndóigh, níl sé inmholta go mbeadh ar pháiste ar bith gach ceann de na ghníomhaíochtaí seo nó gach ceann de na leathanaigh thacaíochta a chomhlánú roimh leanúint ar aghaidh chuig leabhar nua. Tá na moltaí seo le tacú leis an léitheoireacht ach is í spreagadh na léitheoireachta agus tacú leis an léitheoireacht an rud is tábhachtaí leis an phlean seo agus ní leathanaigh oibre agus tascanna scríofa.

Láimhseáltar gnéithe éagsúla; gramadach, fónaíic srl, de réir a chéile agus mar sin b'fhiú na leathanaigh a chlúdach leis na daltaí san ord ina bhfuil siad sa phlean seo.

Molaimid na leathanaigh ghníomhaíochta a úsáid ar bhonn scartha seachas mar ‘leabhar’ sa dóigh go mbeidh saoirse ag páistí ghníomhaíochtaí a dhéanamh agus iad réidh dóibh. Is féidir na leathanaigh seo a mheas agus a úsáid le páistí agus iad ag an léibhéal cuí.

Láimhseáil Leabhar

Tá sé tábhachtach go dtuigfidh páistí an dóigh le leabhar a láimhseáil, an dóigh le leabhar maith a roghnú agus an dóigh le dul i mbun léitheoireachta agus seánraí éagsúla san áireamh.

Maidir le **leabhair fhicsin** ba chóir go léireofaí an dóigh le hamharc ar leabhar, na pictiúir a phlé agus a mheas, an blurba a aimsiú agus a mheas, an cineál leabhair atá ann a mheas, ainm an údair nó an mhaisitheora a aimsiú, stíl an leabhair a phlé agus critéir eile a aimsíonn an páiste a mheas.

I dtaca le **leabhair neamhfhicsin** de tá léargas de dhíth ar an dóigh le clár agus innéacs a úsáid. Is féidir an dóigh leis an leabhar seo a úsáid le heolas a bhailiú a léiriú agus nach bhfuil gá lena léamh ó thús deireadh.

Le **leabhair chaibidle** ba chóir an dóigh leis an chlár a aimsiú a léiriú agus an leabhar a oscailt ag leathanach nó ag caibidil ar leith. Má tá gluais sa leabhar léirigh an dóigh leis an ghluais a aimsiú agus an dóigh lena húsáid.

Tá gnéithe eile le plé maidir le **seánraí éagsúla** na scéime seo; is é sin leagan amach dáin, leagan amach dráma, lipéid a aithint agus a thuiscint, úsáid poncaíochta i seánraí éagsúla leabhar agus úsáid éifeachtach pictiúr.

Na Gníomhaíochtaí

Is féidir cuid mhaith de na ghníomhaíochtaí seo a dhéanamh i gcomhair le **cláir bhána, litreacha maighnéadacha, díslí, péint, marla, cluichí** agus áiseanna eile nach iad.

Tá cluichí **biongó** le cuid de na céimeanna agus iad grádaithe ó mheaitseáil pictiúir/focal le pictiúr/focal go meaitseáil pictiúr agus focal, focail a dhéanann rím, túsphuaim/pictiúr, fuaim dheireanach/pictiúr.

Tá tús curtha le cleachtadh ar **litreacha na haibítire** i gcéimeanna 4/5. Is féidir leanúint leis na cleachtaí sin ag brath ar pholasaí scoile.

Tá **focail ardmhinicíochta** ann mar chluichí agus cleachtaí. Is féidir iad a athrú de réir mar a fhóireann.

Leantar na scéimeanna **Black Sheep** agus **Fónaíic na Gaeilge**. Tá moltaí ó *Black Sheep* sna céimeanna 1- 3. Cuirtear tús le *Fónaíic na Gaeilge* i gCéim 4 agus leantar leis trí na céimeanna uilig.

Rinneadh an obair seo i gcomhair le múinteoirí ó Bhunscoil Phobal Feirste agus Scoil na mBráithre Chríostaí in Ard Mhacha ach go háirithe le Deirdre Nic Suibhne, Fianna Nic Aoidh agus Dolores Barnes. Tá leagan daite de na leathanaigh ar fáil ar www.aisaonad.org

Jacqueline de Brún, An tÁisaonad, 2009

© An tÁisaonad 2009

Céim / Leabhar 11	Leibhéal Téacs	Eolas Fónolaíoch Fónaic	Poncaíocht	Gramadach	Gníomhaíochtaí	Scríbhneoireacht
Tiománaí Traenach agus scéalta eile	Dán agus 3 scéal Dán, fantaisíocht, fantaisíocht, fantaisíocht	Focail a dhéanann rím a aimsiú <i>FnaG</i> – Céim 4, dul siar – th, bh, sh, ng, ch mh rr, nn, ll –cleachtadh Focail ina bhfuil ach	Ceannlitreacha sa chlár – teidil na scéalta Ceannlitreacha a úsaid le hainmneacha daoine agus le teidil	Briathra san aimsir chaite An bhfac a - Ní fhaca/Chonaic Tháinig/Níor tháinig Cleachtadh ar an chopail Cleachtadh ar an séimhiú Níos mó/níos lú , srl. Caol/leathan –cleachtadh Ainmfhocail le haimsiú Orm, ort, air, uirthi, srl	Caint a chur i mbolgáin chainte na gearachtar Freagraí tugtha – ceisteanna le cumadh Abairtí le seicheamh a dhéanamh Focail atá briste ina siollaí – le meaitseáil – caol/leathan	Scríobh faoi mhothúcháin na gearachtar Cuir síos a dhéanamh ar charachtair – aidiachtaí tugtha Deireadh eile a scríobh don scéal
Na Beacha agus an Béar	Dráma Carachtair agus script a aithint		Dráma a aistriú go scéal – poncaíocht a chur isteach	Iolra 2 – dul siar – beach – beacha Samplaí eile – <i>gráinneog,</i> <i>duilleog, lámh, muc, cloch, bróg</i> Liom – liomsa – béim Pléigh samplaí eile	Ceist agus freagra Eolas a aimsiú ar ainmhithe agus a dtáirgí Litir a scríobh ó bhéar chuig na beacha Cuireadh a scríobh chuig Béar	Scéal a chumadh ag amharc ar phictiúir an leabhair Litir a mhúnlú agus a scríobh Cuireadh a scríobh agus a dhearadh
Ar an Traein	Insint cheisteach	Focail a dhéanann rím a phlé agus a thuilleadh a aimsiú	Comharthaí uaillbhreasa sna bolgáin chainte	Focail a <i>nascann</i> dhá chuid d’abairt le chéile	Ceist agus freagra Ceisteanna a chumadh Comparáid idir saol na cathrach agus saol na tuaithe Do leabhar féin a dhéanamh	Abairtí a scríobh sna bolgáin le comharthaí uaillbhreasa Treoracha a léamh/scríobh ar leabhar a dhéanamh
An Búmarang	Neamhfhicsean n mínitheach Léarscáil – lipéid a aithint agus a úsáid	Dul siar ar an fhuaim ng Samplaí eile a aimsiú chomh maith le búmarang An fhuaim ts mar atá san fhocal don tseilg a phlé	Ceannlitir ar an fhocal Astráil Aimsigh ainmneacha tíortha eile – béim ar an cheannlitir	D’ a aimsiú agus a phlé – aimsir chaite Chugam, chugat , srl.	Abairtí le críochnú –eolas ón leabhar Ceist/freagra Eolas a aimsiú san innéacs Póstaer eolais a dhéanamh ar d’ i mbriathra na Gaeilge Clár ABC - an búmarang Liosta le cur in ord aibítire – 2ú litir Eolas ar rudaí a dhéantar in Éirinn	Scéal an bhúmaraing a scríobh ar leathanach ar a bhfuil cruth mór búmarang
Bó sa Chrann	Fantaisíocht	<i>FnaG</i> 5 bh (bhí) bh (bhó) – an dá fhuaim a phlé Samplaí eile a aimsiú Rím a scríobh	Poncaíocht x 5 le cur isteach in abairtí réamhscríofa	Briathra a aimsiú agus a liostú Ainmfhocail a aimsiú agus a liostú Aidiachtaí a aimsiú le cur síos ar dhaoine	Ábhar plé – má bhíonn tú deas cineálta éireoidh leat	Alt a scríobh faoin bhó sa scéal Cuir síos a scríobh ar charachtair – béim ar aidiachtaí

Céim / Leabhar 12	Leibhéal Téacs	Eolas Fóneolaíoch Fónaic	Poncaíocht	Gramadach	Gníomhaíochtaí	Scribhneoireacht
An tAmhrán Rúnda agus scéalta eile	Dán agus 3 scéal Dán, insint phearsanta, Scéal traidisiúnta Fantaisíocht	Focail a dhéanann rím a liostú n atá ina r Focail a chríochnaíonn ar án d caol, d leathan	Cleachtadh ar phoncaíocht – gach comhartha Alt le scríobh Póstaer poncaíochta a dhéanamh	Séimhiú - ag an, as an, leis an, chuig an, ar an – le cleachtadh Tá tart/ocras orm a chleachtadh Ainmfhocail fir/bain a aithint/phlé	Déan clár eile don leabhar – déan teideal nua do gach scéal Clár ABC a dhéanamh ar eolas ar an ghrian Ceist/freagra Gach carachtair – ról sa scéal a mhíniú Comparáid le <i>Sicín Licín</i>	Alt eolais a scríobh ar ainmhí Scéal a scríobh mar script dráma Litir a scríobh ó charachtar amháin go carachtar eile Scríobh faoi charachtar
Urú	Neamhfh. mínteach	An focal urú a scrúdú – difear a dhéanann an síniú fada	Poncaíocht a bhaineann le treoracha	An frása Solas na Gréine a phlé (Ní gá <i>An Ginideach</i> a lua) Athraíonn focail Samplaí eile – <i>trasna na páirce, ar fud na scoile, barr an ranga</i> Briathra le haísiú	Clár ABC a dhéanamh ar urú gréine Roghnaigh an chaibidil is fearr leat agus scríobh achoimre Úsáid an t-innéacs le heolas a chuardach Cuir focail in ord aibítire – 2ú, 3ú litir Déan urú gréine mar atá sa leabhar	Scríobh do threoracha féin do rang eile ar an dóigh le hurú gréine a léiriú Déan póstaer faoi urú gréine Blurba a scríobh
An Samhradh agus an Geimhreadh	Scéal traidisiúnta	Deireadh na bhfocal samhradh agus geimhreadh a phlé – caol/leathan	Caint dhíreach a aistriú go bolgáin chainte	Iolra x 5 – dul siar – liostaí le déanamh	Ceist/freagra Eolas a aimsiú ar ainmhithe a dhéanann geimhriú Difear idir samhradh agus geimhreadh – eolas le cur ar thábla	Comhrá a scríobh idir dhá charachtar Scéal traidisiúnta a scríobh
Déan Tuar Ceatha	Neamhfh. mínteach/ ceisteach	Eolas ar fhónaic go dtí seo a úsáid le dathanna a litriú	Poncaíocht a bhaineann le dán	Samplaí d'uimhir iolra a aimsiú An aimsir láithreach a aithint agus a scríobh Orm, ort, srl.	Dán a dhéanamh ina amhrán Treoracha a leanúint Tuar ceatha a mhíniú ina bhfocail féin Réamhaithris na haimsire a dhéanamh	Dathanna a scríobh/ litriú Treoracha a scríobh do dhuine
Mar a Cheap an Coinín an Ghrian	Scéal traidisiúnta	Dul siar ar chéim 4 <i>FnaG</i> Na fuaimeanna dh, ch, mh, th, ng, gc, nd, gh	Léamh le mothú – ag brath ar an phoncaíocht	Comhréir – ainmfhocail agus briathra <i>Tá an tiománaí ag tiomáint, srl.</i> Aidiachtaí le carachtair	Cuir síos a scríobh ar <i>shealgair</i> Eolas a fháil ar scéalta traidisiúnta eile a mhíniú rudaí dúinn Focail le Foghlaim 30 focal ardmhin. Cluiche <i>Glan na Fuinneoga</i>	Scéal ina bhfuil míniú a scríobh

Céim / Leabhar 13	Leibhéal Téacs	Eolas Fóneolaíoch Fónaic	Leibhéal Abairte Poncaíocht	Gramadach	Gníomhaíochtaí	Scribhneoireacht
Mise is Mé Féin agus scéalta eile	Dán, insint, fantaisíocht, insint	Céim 5 <i>FnaG</i> – an difear idir an dá túsphuaim Diarmaid, Dáire D caol agus D leathan a phlé	Camóga a úsáid le liostaí	Bí – bígí – uatha agus iolra Mo, do - a chasúr/a casúr srl. Ainmfhocail le liostú	Túsabairtí a thabhairt – críochnóidh na páistí iad Liosta de rudaí nach ann dóibh, <i>arrachtaí</i> , srl.	Tús, lár, deireadh scéil a aithint/a scríobh - TLD Scéal a scríobh faoi rud iontach
Pióg Mhamó	Dráma	An focal gabhar a fhiosrú -an fhuaim o leis an a Samplaí eile <i>gabh, amhrán, abhainn -leabhar, ar fheabhas</i>	Poncaíocht a bhaineann le dráma/ scéal	Agam, agat , srl. Cluiche meaitseála le habairtí	Cluiche cuimhne a imirt – cuir carachtair eile sa scéal agus athinis é ó bhéal An dráma a dhéanamh, páirteanna ag na páistí	Cuir leis an scéal – ainmí eile a cuireadh amach as an teach Greannán a scríobh den scéal le pictiúir agus téacs
Turas Eoin	Insint	t leathan agus t caol – le liostú agus le rangú	Athchleachtadh ar chamóga Liostaigh mar abairtí na rudaí uilig a chonaic Eoin	Briathra san aimsir chaite le liostú Abairtí le scríobh ina bhfuil briathra san aimsir chaite	Siombailí ar léarscáil a fhiosrú agus a aithint Léarscail Eoin/a léarscáil féin a dhéanamh Cuardaigh ceantar na scoile/do bhaile ar <i>Google Earth</i> Gabh ar shiúlóid ranga agus lean/scríobh treoracha	Scríobh faoi thuras ranga – liosta, treoracha do dhuine eile
Mo Leabhar Féin	Insint phearsanta	S caol agus s leathan le gearradh agus le rangú	Comharthaí ceiste a athchleachtadh	is fearr, is sine, is airde- mar chluiche meaitseála	Leasainmneacha a phlé Crann ginealaigh a dhéanamh	Leabhar ranga/pearsanta a dhéanamh Ceisteanna a scríobh
Súil ar do Chorp	Neamhfhicsean mínitheach			Briathra san aimsir láithreach le liostú	Focail ón innéacs a chuardach sa leabhar Póstaer a dhéanamh den eolas nua Pictiúr mór díobh féin a dhéanamh le lipéid eolais	Fíricí a d’fhoghlaim siad a scríobh le pictiúir agus lipéid

Céim / Leabhar 14	Leibhéal Téacs	Eolas Fóneolaíoch Fónaí	Poncaíocht	Gramadach	Gníomhaíochtaí	Scribhneoireacht
Bronntanais agus scéalta eile	Dán, insint, insint, fantaisíocht	Focail a dhéanann rím – cluiche meaitseála Focail ina bhfuil an fhuaim ch – graiféimí le cur ar línte fuaime bh caol agus bh leathan – samplaí le bailiú agus le liostú	Athchleachtadh ar chomharthaí cainte Ailt le hathscríobh Camóga a úsáid le liostaí Abairtí le camóga a chur iontu	Iolra 4 – cat/cait Samplaí eile le cur ar thábla Briathra a liostú agus patruín le haimsiú Ar an + séimhiú leis an + séimhiú , srl. faoi + an = faoin i + an = sa/san	Ceisteanna le freagairt Pictiúir de Bhean Uí Néill agus éadaí fóirsteanacha uirthi – éadaí a phlé Carachtair eile a chumadh agus caint a chumadh dóibh	Dán a scríobh – rím tugtha Dán acraistice a scríobh Scéal a scríobh ag úsáid an scéil seo mar eiseamláir Teoracha a scríobh ar an dóigh le bronntanas/béile a dhéanamh Cuid den scéal a scríobh mar dhráma Oideas a scríobh
Cé hIad na Carachtair?	Téacs ceisteach	Focail a dhéanann rím a scríobh agus cluiche a chumadh leo	Leathanach a athscríobh mar scéal seachas mar dhráma	Aidiachtaí – ainmfhocail tugtha agus aidiachtaí le haimsiú agus le cur leo	Rainn thraidisiúnta a phlé	Scéal traidisiúnta a athscríobh ina bhfocail féin – béim ar thus, lár agus deireadh - TLD Scéal a scríobh bunaithe ar rann atá ar eolas
Bia Blasta	Téacs próisis		Liostaí na gcomhábhar a phlé Iad a scríobh mar abairtí le camóga	Briathra ón leabhar a liostú – béim ar orduithe Orduithe san uimhir uatha agus san uimhir iolra	Biachlár a dhéanamh – ainmneacha snasta a chumadh do na béilí Focalchuardach	Teoracha a scríobh do cheann de na béilí sa leabhar
Bronntanas don Nathair	Dráma	Athchleachtadh ar chéim 4 – th, ch, bh, mh		Aidiachtaí a scríobh ag cur síos ar na carachtair		Scéal a scríobh trí shúile Laghairte – an scéalaí
Brioscaí Beo	Insint	s leathan agus s caol – samplaí le haimsiú agus le liostú	Poncaíocht a phlé maidir le drámaí/ scéalta		Póstaer a dheardh faoi aonach cístí Focail le Foghlaim 40 focal ardmhinicíochta – cártaí Cluiche – <i>Focail ag Fás ar na Crainn</i>	Oideas do bhrioscaí a aimsiú agus a scríobh Litir/r-phost a scríobh ag gabháil buíochais as cuairt ar áit Scéal a scríobh mar dhráma

Céim / Leabhar 15	Leibhéal Téacs	Eolas Fóneolaíoch Fónaí	Poncaíocht	Gramadach	Gníomhaíochtaí	Scribhneoireacht
Luchóga agus Scéalta eile	Dán, fантаisíocht, insint, fантаisíocht	Rím – focail le haimsiú/meaitseáil S – caol agus leathan – cluiche le cártaí	Poncaíocht i ndráma agus i scéal a phlé	Ainmfhocail – baininsneach agus firinsneach le liostú	Cleas le cumadh – bunaithe ar scéal Póstaer – aire d’ainmhí Samhlacha le bailiú agus le húsáid Ceisteanna le freagairt Fógraí le fiosrú/déanamh	Dán le cruth a scríobh Scéal a aistriú go dráma Blurba ar scéal a scríobh Cur síos a dhéanamh ar lá Labhraí – ord Treoracha a scríobh ar aire a thabhairt d’ainmhí
Cat sa Chistin	Fантаisíocht/dán	ch – focail le haimsiú sa leabhar Fuaimeanna ina seasann 2 litir d’fhuaim amháin			Gach carachtar agus an bia is fearr leo Eolas a aimsiú ar cháis	Oideas a scríobh ar rud a dhéantar le cáis Oideas a scríobh – ceapaire srl.
Luchóga ar Scoil	Neamhfhicsean mínitheach			Briathra san aimsir láithreach a liostú - patrúin a phlé Uatha/Iolra – cleachtadh	Clár ABC – creimirí Ceisteanna le freagairt	Blurba a scríobh
Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe	Dráma		Dráma a aistriú go scéal – poncaíocht a phlé Comharthaí cainte - Abairtí ón dráma a scríobh mar abairtí i scéal	Aidiachtaí a úsáid – cur síos ar charachtair Frásaí coitianta a phlé – nuair a athraíonn na bunfhocail (tuiseal gineadach)	Liostaí comparáide a dhéanamh – an chathair agus an tuath Amharc ar léarscáil na hÉireann/an Domhain Focalchuardach – cathracha	Cárta poist a scríobh ón chathair nó ón tuath
Lucaí Luchóg	Insint	Focail leis na fuaimeanna ch, bh, th, mh a aimsiú	Camóga – liostaí a scríobh	Réamhfhocail – agam, agat , srl.	Stiallchartún a dhéanamh de scéal.	Treoracha a scríobh ar aire a thabhairt d’ainmhí Clár ama a scríobh ar dhualgais ranga

Tiománaí Traenach (Céim 11)



Léigh an dán faoi thraein.

Úsáid na focail seo le cuidiú leat dán a scríobh tú féin.

Cuir d'fhocail féin leis an liosta. Ansin scríobh do dhán féin sa bhosca thíos.

gasta/sásta

amach/isteach

ar fud na tíre/líne dhíreach


fada/tada

ar crith/ar bith

trom/liom

ag dul/le do thoil

na crainn/ag imeacht linn



Large empty rounded rectangle for writing the poem.

Tiománaí Traenach (Céim 11)



An bhfaca?

Chonaic!

Ní fhaca!

1. An bhfaca an tiománaí an traein ag imeacht?

.....

2. An bhfaca an bhó an traein ag imeacht?

.....

3. An bhfaca an mhuc an traein ag imeacht?

.....

4. An bhfaca Róise an traein ag imeacht?

.....

5. An bhfaca tusa an traein riamh?

.....

Scríobh 2 cheist agus 2 fhreagra le **an bhfaca**, **chonaic** agus **ní fhaca**.

.....

.....

.....


.....

Tiománaí Traenach (Céim 11)



Seo chugainn Traein na bhFuaimeanna.

Tá cúpla fuaim ar bord cheana féin. Cuir isteach fuaimeanna eile.



th
tháinig

bh
bhog

sh
ar shiúl

ng
cúng

ch
teach


Aimsigh focail eile ina bhfuil an focal beag **ach** i bhfolach iontu. Amharc sa leabhar seo agus i leabhair eile.

ach	
traenach	déanach

Tiománaí Traenach (Céim 11)

Amharc ar an phictiúr ar leathanach 3.

Cad é mar a mhothaíonn na carachtair, i do bharúil?



Tiománaí Traenach (Céim 11)



Críochnaigh na habairtí sna bolgáin chainte.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

Is _____ mé.

múinteoir

trodaí tine

bean an phoist

fiaclóir

dochtúir


bleachtaire

An Traein a d'Imigh (Céim 11)

Cuirimid *séimhiú* isteach i ndiaidh - leis an.....

Cuardaigh samplaí d'fhocail le *séimhiú* i do leabhar.

Scríobh na samplaí seo sa traein thíos.



Críochnaigh na habairtí seo.

Bhí an múinteoir crosta leis an _____. (gasúr)

Chuaigh an cailín abhaile leis an _____. (mála)









Shiúil mo mhamá amach leis an _____. (cóta)

Chonaic mé fear ag obair leis an _____, (casúr)


D'imigh na páistí amach leis an _____. (bean)

Tiománaí Traenach (Céim 11)

Is tusa an t-údar anois. Cad é a dúirt na daoine agus na hainmhithe a bhí ar lorg na traenach? Thig leat an scéal seo a úsáid nó do scéal féin a chumadh.



An Bus Mara (Céim 11)



Is tusa an múinteoir anois! Tá na freagraí agat. Scríobh na ceisteanna.

Cá háit.....?

Cá ndeachaigh.....?

Cad é a.....?

Ar mhaith.....?

Cé a.....?

Janine Scott a scríobh an scéal seo.

Chuaigh an Captaen Ó Floinn chuig an trá leis an bhus mhara.

Scairt na daoine nár mhaith leo bheith fliuch.

Shnámh ochtapais agus roic ga nimhe thart leis an bhus mhara.

Stop an bus mara nuair a bhuail sé grinneall na farraige.

Níor mhaith le duine ar bith dul isteach sa bhus mhara arís.

Dúirt an Captaen Ó Floinn gur turas den scoth a bhí ann.

An Bus Mara (Céim 11)


Aimsigh focail leis na fuaimeanna seo i do leabhar agus scríobh sna boscaí iad

mh

th

ch

An Bus Mara (Céim 11)



Gearr amach na habairtí seo agus cuir in ord iad le scéal a dhéanamh.

Splais! Chuaigh an bus mara isteach san uisce.

Ní raibh an Captaen Ó Floinn ábalta stopadh.

Chuaigh an Captaen Ó Floinn chuig an trá leis an bhus mara.

Bhí an bus mara ag luascadh agus ag longadán.


Bhuail sé grinneall na farraige de PHLIMP!

"Turas den scoth!" arsa an Captaen Ó Floinn.

Chuaigh an bus mara ar ais chuig an trá.

Thosaigh an bus mara ag dul síos.

An Bus Mara (Céim 11)



ar + an + séimhiú

Chuaigh an bus mara amach ar an ghaineamh.
Críochnaigh na habairtí seo agus ansin scríobh do chuid féin.

1. capall

Bhí an fear ag marcaíocht ar an _____.

2. balla

Chuir mé mo phictiúr ar an _____.

3. balla

Chaith muid lá ag obair ar an _____.

4. mála

.....

5. cat




.....




Tá barraíocht oibre le déanamh agamsa!

An Bus Mara (Céim 11)


Cuir focail eile sna bolgáin.




carr



donn



halla



An Bus Mara (Céim 11)



Tá gasúr sa rang atá níos mó ná mise ach tá mise níos sine ná é. Tá an múinteoir níos airde ná duine ar bith ach níl sí níos gasta ná Ciarán ag rith. Tá an múinteoir níos deise ná an múinteoir eile sin ach bíonn sí níos moille ná é ag teacht ar scoil gach lá.

Cuir isteach na focail atá ar iarraidh sa tábla thíos. Cuideoidh an scéal thuas leat le cuid acu.

mór	níos mó
gasta	níos gasta
deas	níos
beag	níos
maith	níos
mall.....	
luath	
íseal	
ard	
olc	
sean	
óg	

An Bus Mara (Céim 11)

Cén cineál duine é an Captaen Ó Floinn, i do bharúil?

Déan cur síos air i do leabhar oibre. Tá aidiachtaí anseo le cuidiú leat.

cineálta
cróga

féasógach

lán brí

ar bharr na dtonn

níos sine



gealgháireach
greannmhar
mór




cainteach

caipín ar a cheann

culaith ghealghorm air

Rás Búmaraing (Céim 11)

Tá fuaime ar gach balún. Aimsigh focail eile agus scríobh sna boscaí iad.



Rás Búmaraing (Céim 11)



Gearr amach na heitleoga seo agus cuir ar ais le chéile iad.

Ná déan dearmad -

Caol le caol

i e

Leathan le leathan

a o u

gas

rán

cuid

leán

seach

thainn

eit

ta

fear

igh

Rás Búmaraing (Céim 11)



"Tháinig stoirm mhór.
Tháinig an fhearthainn.
Bhí SPLANC thintrí ann."



Chuir an drochaimsir an eitleog, an balún agus an héileacaptar ar seachrán.
Le do ghrúpa, scríobh faoi lá nuair a bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch.
Cad é an deireadh a bhí ar an scéal an lá sin?
An raibh an bua ag an bhúmarang?



Ar tháinig?

Tháinig!

Níor tháinig!

1. Ar tháinig an búmarang ar ais?
2. Ar tháinig an balún ar ais?
3. Ar tháinig an héileacaptar ar ais?
4. Ar tháinig tú ar scoil ar maidin?
5. Ar tháinig do mhamáí leat?

Déan rud beag bleachtairachta agus aimsigh focail ann. Seo leid duit - is ainmfhocail iad!



Ainmfhocail		
duine	áit	rud
fear	Béal Feirste	bó

Rás Búmaraing (Céim 11)



orm

ort

air

uirthi

orainn

oraibh

orthu

Orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu. Léigh amach an comhrá seo leis an cheann cheart a roghnú.

"An bhfuil deifir _____?" arsa an eitleog leis an bhalún.

"Nach cinnte go bhfuil deifir _____. Nach bhfuil deifir _____ féin?" a d'fhreagair an balún.

"Déanfaimid an rás le chéile agus beidh deifir _____ beirt," arsa an eitleog.

"Go maith," arsa an balún, "agus is maith liom an dath atá _____."


"Tá an eitleog agus an balún sa rás," arsa Dobhareach.

"Amharc _____, tá siad gasta."

"Maith sibh," a scairt Dobhareach. "Táimid ag amharc _____, tá sibh iontach gasta."

"Tá tart _____," arsa an balún.

"Tá tuirse _____-sa," arsa an eitleog. "Níl deifir ar bith _____ anois!"



Na Beacha agus an Béar (Céim 11)



Dráma atá sa leabhar seo. Ní bhíonn comharthaí cainte i ndráma. Bíonn ainm an charachtair ann roimh gach píosa cainte:

Béar: Grr grr!

Is maith liom mil. Is liomsa an mhil seo.

Bíonn comharthaí cainte ann nuair atá scéal ann.



"Grr grr! Is maith liom mil. Is liomsa an mhil seo," arsa Béar.

Cuir isteach na comharthaí cainte sna habairtí seo -

1. Scéalaí: Ach níor imigh Béar.

.....

2. An Tríú Beach: Ní leat! Is linne í.

.....

3. Béar: Is maith liom mil. Ba mhaith liom í a ithe.

.....

4. Beacha: Bzz, bzz, bzz. Imigh leat, imigh leat, imigh leat.

.....

5. Scéalaí: Chuir na beacha an ruaig ar Bhéar.

.....



Na Beacha agus an Béar (Céim 11)



Freagair na ceisteanna seo.

1. Ar eitil na beacha thart ar Bhéar?

.....

2. Ar imigh Béar?

.....

3. Ar ith tú bricfeasta ar maidin?

.....

4. Ar ól tú bainne riamh?

.....

5. Ar fhág tú do bhréagán sa bhaile inniu?

.....

6. Ar amharc tú ar an teilifís inné?

.....

7. Ar aimsigh tú patrún leis na freagraí seo? Déan cur síos air.

.....



Clúdaigh an téacs sa leabhar. Amharc go cúramach ar gach pictiúr. Scríobh do scéal féin anois i do leabhar oibre.

Na Beacha agus an Béar (Céim 11)



Déanann beacha mil. An bhfuil ainmhithe eile ann a tháirgeann bia dúinn? Cuardaigh tuilleadh eolais i gciclipéid nó ar an idirlíon faoi ainmhithe a tháirgeann bia.

<i>Ainmhí</i>	<i>Bia</i>	<i>Eolas breise</i>
beach	mil	Bailíonn beacha neachtar ó bhláthanna agus déanann siad mil leis i gcoirceog.
bó		
cearc		
gé		
gabhar		

Na Beacha agus an Béar (Céim 11)



Is tusa Béar. Scríobh litir chuig na Beacha ag gabháil do leithscéil as cur isteach orthu.

A Bheacha, a chairde,

Is mise le meas,

Béar xoxoxo

Na Beacha agus an Béar (Céim 11)



Is ceann de na beacha tú. Déan cuireadh le cur chuig Béar ag iarraidh air teacht chuig an choirceog le mil a roinnt leat.



Ar an Traein (Céim 11)



1. Cad chuige, i do bharúil, a bhfuil an stáisiuin traenach gnóthach?

.....

2. Cad é an t-am é ar an chlog atá i gceann de na pictiúir?

.....

3. Cad é a chonaic na páistí agus iad ag dul tríd an chathair?

.....

4. An raibh tú riamh ar thraein? Cuir síos ar thuras traenach a bhí agatsa. (Sin nó turas bus nó turas eitleáin).

.....

.....

Léigh tú an scéal seo go maith. Is tusa an múinteoir anois. An dtig leat do cheisteanna féin a chumadh bunaithe ar an leabhar?

1.

2.

3.

4.

5.

Ar an Traein (Céim 11)



Tá focail a dhéanann rím sa scéal seo.

traenach --- gnóthach
cos --- bos

An dtig leat focail a aimsiú a dhéanann rím leis na focail seo thíos?

1. amach -----
2. tú -----
3. tuath -----
4. cad -----
5. páistí -----
6. bata -----

Amharc ar leathanach 16. Léigh an rud atá scríofa sa bholgán chainte. Cad chuige a bhfuil comhartha uailbhreasa anseo?

Samhlaigh gur tusa an duine atá sa traen sin. Scríobh an rud a dúirt tú agus tú sa tollán dorcha.



Ar an Traein (Céim 11)



Amharc ar na focail seo a cheanglaíonn abairtí le chéile nó a nascann abairtí.

ansin	ach	ina dhiaidh sin	
ach	ar dtús	agus	sa deireadh

*Úsáid na focail thuas agus athraigh na habairtí seo go habairt amháin.
Seans nach mbeidh na focail uilig de dhith!*

1. Bhí an stáisiuin traenach gnóthach ar maidin. D'imigh an traein agus ní raibh duine ar bith fágtha.
2. Bhí an traein réidh le himeacht. Tháinig gach duine ar bord.
3. Bhí an traein ag dul anonn an droichead. Chuaigh sí isteach sa tollán.
4. D'amharc na páistí amach ar an fhuinneog. Ní fhaca siad ach iad féin.

Ar an Traein (Céim 11)



Déan liosta de na rudaí a fheiceann tú sa chathair agus na rudaí a fheiceann tú faoin tuath.




Sa Chathair	Faoin Tuath

Ar an traein (Céim 11)



Déan do leabhar féin le fuinneoga. Úsáid na pictiúir thíos más maith leat.

1. Úsáid roinnt leathanach agus fill iad le 'leabhar' a dhéanamh.
2. Fill an chéad leathanach agus gearr dronuilleog ann mar fhuinneog. Is féidir an rud céanna a dhéanamh le leathanaigh eile i do leabhar.
3. Greamaigh do phictiúir féin i do leabhar agus cuid díobh le feiceáil sna fuinneoga.



Ar an traein (Céim 11)



Críochnaigh na habairtí seo faoin bhúmarang.

Is bata é an

Tá sé

Tá sé

Tá búmaraing ann a

Freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é mar a d'úsáid muintir na hAstráile an búmarang? Léigh leathanach 4 agus leathanach 8.

2. Cad chuige a bhfuil na búmaraing maith don tseilg?

3. Déan cur síos ar na búmaraing.

Léigh innéacs an leabhair. Cuardaigh ceann de na focail sa leabhar. Scríobh an t-eolas atá ann.

An Búmarang (Céim 11)



Amharc go cúramach ar an fhocal **d'úsáid** ar leathanach 8.

Tá an **d'** ann leis an aimsir chaite a léiriú.

Gearr amach na boscaí seo agus cuir le chéile iad leis na briathra a chur san aimsir chaite.

Aimsigh focail eile agus scríobh sna boscaí folmha iad.

d'	d'	d'	d'	d'	d'
oscail			imir		
aimsigh			amharc		

An Búmarang (Céim 11)

Déan cruth búmaraing ar leathanach mór agus gearr amach é. Déan patrún air agus scríobh scéal an bhúmaraing.



An Búmarang (Céim 11)



Déan clár **ABC** faoi bhúmaraing nó faoin Astráil.

<i>A</i> r eolas agam	<i>B</i> a mhaith liom a fhoghlaim	<i>C</i> ad é a d'fhoghlaim mé?

An Búmarang (Céim 11)



Thig leat búmaraing a chaitheamh.

In amanna tagann siad ar ais chugat.

chugam
chugat

chuige
chuici

chugainn chugaibh
chucu

Tagann siad ar ais _____ (mé)

Tagann siad ar ais _____ (sé)


Tagann siad ar ais _____ (sí)

Tagann siad ar ais _____ (muid)


Tagann siad ar ais _____ (sibh)

Tagann siad ar ais _____ (siad)

Maith thú! Tháinig tú
ar ais _____.



Seo, caithfidh mé
_____ í.



An Búmarang (Céim 11)



Scríobh na focail seo arís sa cholún ar dheis in ord aibítire.

búmarang	
caitheamh	
triall	
chugat	
oscailte	
bain	
patrún	
airm	
carraig	
casann	
cuartha	

Anois roghnaigh focail ón leabhar agus tabhair do chara iad lena gcur in ord aibítire.

--	--

An Búmarang (Céim 11)



Déantar búmaraing san Astráil. An ndéantar rud ar bith faoi leith in Éirinn?

Tarraing pictiúr sa bhosca thíos de rud atá déanta in Éirinn. Scríobh alt eolais faoi.

A large, empty rectangular box with a black border, intended for a drawing.

Bó sa Chrann (Céim 11)



Is **briathra** iad na focail seo thíos. Léigh iad uilig.

tá	ithim	tháinig	rachaidh	chuaigh
rinne	déanfaidh	bíonn	fuair	
bhí	scríobh	thóg	tugann	déan

Déan liosta de na **briathra** atá sa leabhar. Ansin pléigh iad le do chara/ghrúpa.

Smaoinigh ar na ceisteanna seo:

An dtugann sibh rud ar bith faoi deara?

An bhfuil patrún ar bith le feiceáil?

Cad é an úsáid atá le briathra?

Cá háit san abairt a mbíonn an briathar?

Scríobh cur síos gairid sa bhosca seo.

--

Bó sa Chrann (Céim 11)



"Múúú-úú," arsa an bhó.

Síos léi de léim ...

Síos léi de ghéim ...

Síos léi in aon chéim.

Thosaigh sí ag ithe.

Cad chuige nach raibh an bhó sásta teacht anuas ón chrann do dhuine ar bith ach amháin Ciara, i do bharúil?

Roghnaigh cuid de na focail thíos le halt cosúil leis an cheann thuas a scríobh.

deas	seas	teas
slat	leat	cat
fós	rós	nós
bia	fia	dia

Bó sa Chrann (Céim 11)




Seo é Túr na nAinmfhocal. Lión an túr go mbeidh sé lán ainmfhocal.
Úsáid do leabhar le cuidiú leat.




Bhain tú an barr amach! Is réalta thú!

madadh	fear	
leabhar	scoil	Ard Mhacha



Rud beag eile
le dul. Ná
stop anois!



Coinnigh ort.
Tá tú chóir a
bheith ann.



Tá tú ag
déanamh go
maith!



Tosaigh anseo

Bó sa Chrann (Céim 11)



Dúirt Ciara go raibh an bhó *deas, maith, cineálta* agus *álainn*. Is aidiachtaí iad na focail seo.
Aimsigh aidiachtaí le cur síos a dhéanamh ar na daoine seo thíos?
Úsáid leabhair nó foclóir le cuidiú leat.

Mamaí

Daidí

Mamó

Ciara

Do Mhúinteoir

Scooby-Doo

Bó sa Chrann (Céim 11)



Abair an dá fhocal seo amach os ard!

an bhó

bhí mé

An dtugann tú rud ar bith faoi deara? Scríobh abairt le cur síos a dhéanamh ar an difear seo san fhuaim.

An dtig leat na focail seo a rangú de réir fuaime?

Abair an **bh** os ard le cuidiú leat na focail a shórtáil.

a bhéal

an bhean

an bhanaltra

bhog mé

a bhaint

an-bheag

ar an bhóthar

sa bhothán

sibh

ábhar

an bhrí

mo bhata


bh (bhí)

bh (bhó)

Bó sa Chrann (Céim 11)



Rinne mé meancóga nuair a bhí mé ag déanamh mo chuid oibre. Is tusa an múinteoir anois. Ceartaigh mo chuid oibre le do thoil!



1. Nach tú atá amaideach tar anuas arsa Mamaí
2. Tar anuas nó leagfaidh mé an crann arsa Daidí
3. Múú-úú arsa an bhó ach níor tháinig sí anuas
4. Go raibh maith agat a bhó arsa an teaghlach
5. Nach deas an bhó thú arsa Ciara
6. An gcroithfidh mé an crann arsa Mamaí

An tAmhrán Rúnda (Céim 12)



Amharc ar chlár an leabhair. Léigh an leabhar cúpla uair.
Tabhair teidil nua ar na scéalta.
Ná déan dearmad pictiúr a dhéanamh in aice le gach teideal.


Clár

.....2


.....6

.....16

.....36



An tAmhrán Rúnda (Céim 12)



Tá an dán sa leabhar seo scríofa mar cheist agus freagra.
Scríobh na focail a dhéanann rím sa bhosca thíos.

Anois úsáid na focail seo, nó d'fhocail féin a dhéanann rím, le ceisteanna agus freagraí a scríobh le cur leis an dán seo.

spéir – féar
tusa – níos fusa

cat – leat
cuileog – duilleog

crann – greann
balla – mála

Léigh an sampla eile seo thíos.

Ná déan dearmad ar na comharthaí cainte nuair a bhíonn daoine ag caint!

"An bhfaca tú an múinteoir ag teacht isteach ar scoil?"
"Chonaic," arsa na páistí, "beidh sí anseo gan mhoill."

An tAmhrán Rúnda (Céim 12)



Séimhiú

ag + an

as + an

leis + an

chuig + an

ar + an

Samplaí:

ar an fharraige

ag an fhuinneog

leis an ghrian

Scríobh na frásaí seo mar is ceart, ansin déan do chuid frásaí féin:

1. as an + bosca
2. leis an + gasúr
3. chuig an + feirm
4. ar an + mála
5. ag an + balla
6. ag an + cailín
7. ar an + cnoc
8. leis an + fear
9. ar an + crann
10.
11.
12.



Aaaa!

Tá i bhfad barraíocht oibre
le déanamh agam!

An tAmhrán Rúnda (Céim 12)




In amanna, agus muid ag plé mothúchán, bímid ag caint faoi rud a bheith **orm**.

Tá mé brónach..... Tá brón orm

Tá mé tuirseach..... Tá tuirse orm

Smaoinigh ar mhothúcháin eile.



Líon isteach na habairtí seo:

Sampla: Bhí brón orm nuair a bhí mé ag troid le mo chairde.

1. Bhí _____ orm nuair _____
2. Bhí _____ orm nuair _____
3. Bhí _____ orm nuair _____
4. Bhí _____ orm nuair _____
5. Bhí _____ orm nuair _____



An tAmhrán Rúnda, Damhsa na Gréine (Céim 12)



Is minic an ghrian luaite sa leabhar seo. Lión isteach an tábla seo anois, **A** agus **B**. Scríobh isteach an t-eolas uilig atá agat faoin ghrian. Lión isteach **C** i ndiaidh duit eolas breise a aimsiú ar an idirlíon nó i gciclipéid.

An Ghrian		
A Ar eolas agam	B Ba mhaith liom a fhoghlaim	C Cad é a d'fhoghlaim mé?

An tAmhrán Rúnda, Damhsa na Gréine (Céim 12)



Aimsigh na focail thíos sa scéal *Damhsa na Gréine* (lgh. 10-11).

sa	ag an	faoi	leis an	síos
----	-------	------	---------	------

Scríobh na habairtí ina bhfuil na focail seo agus ansin mínigh i d'fhocail féin cad é a thug tú faoi deara.

An bhfuil *éan corr* ann? (Ceann nach bhfuil cosúil leis na cinn eile)

.....

.....

.....

.....

.....

Thug mé faoi deara.....


.....

Tá na focail *grian* agus *gealach* baininscneach. Is mná iad.

Amharc i do leabhar agus scríobh cad é a tharlaíonn d'fhocail bhaininscneacha. Tá focail bhaininscneacha eile sa bhosca thíos. Cad é a tharlaíonn do na focail sin, do bharúil?

grian	an.....	gealach	an
fuinneog	an	cloch	an
bean	an	farraige	an
bó	an	muc	an
caora	an	coill	an
bróg	an	cearnóg	an


An tAmhrán Rúnda, Tá an Ghrian ag Imeacht (*Céim 12*)



Roghnaigh ceann de na hainmhithe seo atá luaite sa leabhar agus scríobh alt eolais faoi.

seangán	ulchabhán	srónbheannach	crogall
eilifint	féileacán	leon	sioráf

An tAmhrán Rúnda, Tá an Ghrian ag Imeacht (Céim 12)



Freagair na ceisteanna seo.

1. Ar amharc Seangán síos ar an talamh?

.....

2. Cá háit ar amharc Seangán?

.....

3. Ar chroith Seangán a chos?

.....

4. Cad é a chroith Seangán?

.....

5. An raibh na hainmhithe sa bhealach?

.....

6. Cad é a bhí sa bhealach sa deireadh? Mínigh an scéal.

.....

.....

.....




Scríobh an scéal seo amach mar script dráma. Ná déan dearmad ar threoracha stáitse. Tabhair páirteanna do do chairde. Tá tús curtha leis anseo duit.

Tá Seangán ag amharc suas ar an spéir.

Seangán: Amharc, tá an ghrian ag imeacht!

Níl a fhios agam cad chuige. Cuirfidh mé ceist ar Ulchabhán.

An tAmhrán Rúnda, Tá an Ghrian ag Imeacht (Céim 12)



Léigh an t-alt seo os ard -

Casadh Srónbheannach air tá an ghrian ag imeacht arsa Seangan leis bhuel arsa Srónbheannach b'fhéidir go bhfuil Sioráf sa bhealach chroith Seangán a cheann agus rith sé leis


An bhfuil sé furasta a léamh? Cad chuige?

Scríobh arís i do leabhar é mar ba chóir. Léigh anois é. An bhfuil sé níos fusa a léamh?



Léigh leathanaigh 20-21 sa leabhar lena fháil amach an aontaíonn tú leis an údar.



Roghnaigh ceann de na comharthaí poncaíochta is fearr leat agus dean póstaer faoi. Mínigh ar an phóstaer an dóigh leis an chomhartha seo a úsáid agus an tábhacht a bhaineann leis.



An tAmhrán Rúnda, Tá an Ghrian ag Imeacht (Céim 12)



Tá focail sa Ghaeilge a chríochnaíonn ar **-án** (le síniú fada).

Mar shampla; torbán, cosán, árasán, portán, mórán.

Tá samplaí sa leabhar seo. Scríobh sa bhosca thíos iad. Ansin cuardaigh samplaí eile i leabhair eile.

An dtig leat sampla a aimsiú nach bhfuil síniú fada air? **-an**.

Focail a chríochnaíonn ar **-án**



Déan liosta de na focail uilig sa scéal ina bhfuil an litir **d**. Ná déan dearmad go dtig léi bheith ag tús, lár nó deireadh focal. Aimsigh tuilleadh i leabhair eile.

Abair na focail amach os ard. An dtugann rud ar bith faoi deara faoin litir **d**?


Mínigh an litir **d** agus na fuaimeanna seo. Tabhair faoi deara na gutaí atá thart air! Seans go mbeidh ort dhá liosta a dhéanamh!

An tAmhrán Rúnda,
An Lá a Thit an Ghrian Amach as an Spéir (Céim 12)

Scriobh an scéal *Sicín Licín* i d'fhocail féin sa bhosca thíos.

Déan comparáid idir an dá scéal, *Sicín Licín* agus *An Lá a Thit an Ghrian Amach as an Spéir* ar an tábla seo.

<i>Cosúlachtaí</i>	<i>Difríochtaí</i>



22 An Crann Mór,
Oileán na Gréine,
Cois Farraigne.

[illegible]

IS MISE LE MEAS,

An tAmhrán Rúnda,

An Lá a Thit an Ghrian Amach as an Spéir (Céim 12)

Liostaigh na hainmhithe atá sa scéal agus déan cur síos ar an ról atá acu sa scéal.

Ainmhí	Ról sa scéal

Roghnaigh an carachtar is fearr leat agus scríobh faoi eachtra eile a bhí aige.

--

An tAmhrán Rúnda,
An Lá a Thit an Ghrian Amach as an Spéir (Céim 12)



Cnó! Tá fuaim **r** leis an **n**.

Léigh na focail eile seo - **cnoc**, **cnámh**, **cnaipe**,
cnámharlach, **cnap**, **cnapán**, **cnó**.

Amharc i leabhair eile. Aimsigh focail eile ina bhfuil **n** mar **r** sa Ghaeilge agus scríobh sa bhosca thíos iad. Cuir in abairtí iad.

Urú (Céim 12)

Beimid ag foghlaim faoi urú gréine agus urú gealaí sa leabhar seo. Líon isteach colúin **A** agus **B** sa chlár thíos sula léann tú an leabhar. Líon colún **C** i ndiaidh an leabhar a léamh agus rud beag eolais a chuardach.

Urú		
A Ar eolas agam	B Ba mhaith liom a fhoghlaim	C Cad é a d'fhoghlaim mé?

Urú (Céim 12)



Léigh an blurba. An spreagann sé thú leis an leabhar a léamh?

Scríobh do bhlurba féin, don leabhar seo nó do leabhar eile atá léite agat.

Amharc ar chlár an leabhair. Roghnaigh an chaibidil is fearr leat agus léigh arís í. Scríobh an t-eolas atá ann i d'fhocail féin.

Cad é an rud a d'fhoghlaim tú?

Amharc ar innéacs an leabhair. Tá na focail in ord aibítire. Roghnaigh 6 fhocal a thosaíonn le **s** ón leabhar agus iarr ar do chara iad a chur in ord aibítire duit.

Urú (Céim 12)



In amanna athraíonn focail sa Ghaeilge. Cuardaigh samplaí de na focail seo sa leabhar. Scríobh an leathanach ar a bhfuil siad mar atá san innéacs. Faigh amach an dóigh a n-athraíonn na focail seo.

	<i>Leathanach sa Leabhar</i>
an ghrian	
urú _____	
an ghealach	
urú _____	

Cuardaigh samplaí eile sa leabhar.

Cad é mar a athraíonn na focail seo thíos? Aimsigh sa leabhar iad.

an ghrian ➡ solas na _____


an ghealach ➡ urú na _____

an liathróid ➡ os comhair na _____

scáil ➡ an cineál _____

An bhfuil focail ar bith eile ar eolas agat a athraíonn sa Ghaeilge. Cuir le do liosta.


Urú (Céim 12)




Aimsigh na briathra atá sa leabhar seo.

An bhfuil patrúin le feiceáil i gcuid de na briathra a d'aimsigh tú?

Scríobh na briathra a d'aimsigh tú sa ghealach.



Urú (Céim 12)



Déan d'urú féin anois. Léigh go cúramach an tríú caibidil, lean na treoracha agus ar aghaidh leat.

Scríobh treoracha anois do chara i rang eile ar an dóigh a ndearna tú an t-urú.

Maisigh póstaer faoin urú - Scríobh do chuid treoracha ar an phóstaer. Ná déan dearmad ar na ceisteanna seo thíos.

Cad é atá de dhíth?

Cá háit a raibh tú?

Cad é a rinne tú?

An Samhradh agus an Geimhreadh (Céim 12)



Mínigh i d'fhocail féin an dóigh ar tháinig Yhi chun an Domhain agus an rud a rinne sí ann.

Scríobh an comhrá a bhí idir Yhi agus na héin nuair a chuir sí ar an Domhan iad.



Is scéal traidisiúnta é seo a mhíníonn an ghrian sa spéir. An bhfuil scéal eile ar eolas agat a mhíníonn rudaí? Déan cur síos ar scéal eile mar seo sa bhosca thíos.

An Samhradh agus an Geimhreadh (Ceim 12)



Pléitear an samhradh agus an geimhreadh sa leabhar seo. Déan dhá liosta de dhifríochtaí idir an samhradh agus an geimhreadh.

<i>An Samhradh</i>	<i>An Geimhreadh</i>

Tá ainmhithe áirithe ann a chodlaíonn i rith an gheimhridh. Tugtar "geimhriú" air seo. Aimsigh eolas ar ainmhithe a gheimhríonn ar an idirlíon. Maisigh póstaer dar teideal "Geimhriú". Tarraing pictiúir agus scríobh fíricí eolais faoi.

An Samhradh agus an Geimhreadh (Ceim 12)



Cad é a chiallaíonn an **uimhir iolra**?

Tá neart samplaí den uimhir iolra sa leabhar seo. Aimsigh iad agus scríobh sa tábla thíos iad.

<i>uimhir uatha</i>	<i>uimhir iolra</i>
súil	
bláth	
crann	
sliabh	
abhainn	
loch	
éan	
ainmhí	

Seo samplaí de chineálacha éagsúla iolraí sa Ghaeilge. Aimsigh samplaí eile i leabhair eile agus déan do liostaí féin.

<i>iolra 1</i> páiste - páistí sicín - sicíní	<i>iolra 2</i> duilleog - duilleoga lámh - lámha
<i>iolra 3</i> carr - carranna ceist - ceisteanna	<i>iolra 4</i> ubh - uibheacha ainmhí - ainmhithe
<i>iolra 5</i> leabhar - leabhair gasúr - gasúir	

Déan Tuar Ceatha (Céim 12)

Cad iad na dathanna a bhíonn ar thuar ceatha? Scríobh do fhreagra féin ar dtús agus ansin amharc ar leathanach 6.

Tá amhrán ag na páistí ar leathanach 14 le cuimhneamh ar dhathanna tuar ceatha. Abair an dán seo. Cuir ceol leis agus foghlaim mar amhrán é.



Déan pictiúr de thuar ceatha ar leathanach agus scríobh isteach na dathanna sna háiteanna cearta.

.....

Lean na treoracha ar leathanaigh 8-13 lá grianmhar. Déan do thuar ceatha féin.

Druid do leabhar anois agus scríobh treoracha do chara le thuar ceatha a dhéanamh. Cuimhnigh go gcaithfidh na treoracha bheith san ord ceart.

.....

Bíonn *turadh* ann nuair a stadann an fhearthainn. Sin an t-am a mbíonn thuar ceatha ann.


Mínigh i d'fhocail féin cad é mar a tharlaíonn thuar ceatha.

Déan Tuar Ceatha (Céim 12)



Tá tú ag obair ar an teilifís ag léamh réamhaisnéis na haimsire. Déan cur síos ar aimsir an lae inniu.

Má tá faill agat, amharc ar 'An Aimsir Láithreach' ar TG4 le smaointe a fháil.



Déan Tuar Ceatha (Céim 12)



orm

ort

air

uirthi

orainn

oraibh

orthu



**An dtig leat na ceisteanna seo a fhreagairt
Cuideoidh na focail sna boscaí thuas leat.**

Fásaim ar an talamh. Itheann ba mé. Cad é an dath atá orm?

Tá dath

Bíonn sí ag lonrú sa spéir. Tá sí iontach láidir agus geal. Cad é an dath atá uirthi?

Tá dath

Fásann siad ar chrainn. In amanna titeann siad de na crainn sa gheimhreadh. Cad é an dath atá orthu?

Tá dath

Bímid ag lonrú sa spéir san oíche. Táimid cosúil le soilse beaga sa spéir. Cad é an dath atá orainn?

Tá dath

Tá tú úsáideach don scríbhneoireacht. Bím ag scríobh ort.

Tá dath

Déan Tuar Ceatha (Céim 12)



Insíonn an leabhar seo dúinn faoi rud a tharlaíonn go rialta. Tá sé scríofa san aimsir láithreach.

Insíonn an aimsir láithreach go bhfuil an rud ag tarlú anois nó gach lá.


Tá mé ag dul ar scoil anois.



Tugaim bia do mo chat gach lá.




Tá mise sa spás anois.



Aimsigh na briathra i do leabhar atá san aimsir láithreach agus scríobh sa tábla thíos iad.

Scríobh do scéal féin faoi rud atá tú a dhéanamh anois nó faoi rud a dhéanann tú gach lá.

Mar a Cheap an Coinín an Ghrian (Céim 12)



Is sealgaire é an coinín seo. Mínigh an focal *sealgaire* i d'fhocail fein.

Críochnaigh na habairtí thíos leis na focail chearta.

ag scríobh

ag tiomáint

ag ceol

ag iascaireacht

ag cócaireacht

Tá an sealgaire ag seilg.

Tá an tiománaí

Tá an ceoltóir

Tá an t-iascaire

Tá an scríbhneoir


Tá an cócaire

Tá an scéal seo ann le rud éigin a mhíniú dúinn. Scríobh faoi scéal eile a mhíníonn rud éigin dúinn. Seo roinnt samplaí le cuidiú leat:

Cad chuige a bhfuil dath dearg ar bhrollach na spideoige?

Cad chuige a bhfuil cros ar dhroim asail?

Cad chuige a bhfuil crainn i lár páirceanna in Éirinn?



Mar a Cheap an Coinín an Ghrian (*Céim 12*)



Aimsigh focail ina bhfuil na fuaimeanna seo sa scéal. Ná déan dearmad go mbeidh siad ag tús, lár nó ag deireadh focal.




Ansin cuardaigh samplaí eile i leabhair eile atá léite agat.

dh	ch	mh	th
ng	gc	nd	gh

Ar aimsigh tú patrún ar bith le cuid ar bith de na fuaimeanna seo? Mínigh rud éigin suimiúil a mhothaigh tú sa bhosca thíos.

Mar a Cheap an Coinín an Ghrian (Céim 12)

Scríobh isteach **aidiachtaí** sna lipéid thart ar gach carachtar a dhéanann cur síos ar an charachtar sin.




Focail le Foghlaim (Céim 12)

Gearr amach na focail seo. Cleacht iad a litriú le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt.

chonaic	ní fhaca	ag teacht
thosaigh	uirthi	d'fhág
ag cuidiú	itheann	ag iarraidh
chuig	ní raibh	fuair
tháinig	chuaigh	eile
bíonn	le chéile	réidh
tharla	iontach	chuala
rachaidh	nuair	cuidigh
againn	caoineadh	acu
orthu	feicim	duine

Glan na Fuinneoga



Cuidigh le glantóir na bhfuinneog na fuinneoga a ghlanadh ar na hárasáin seo.

Imir an cluiche seo le cara. Nuair atá 30 focal ar eolas agaibh úsáid iad leis na fuinneoga a ghlanadh. Cuireann duine amháin ceist ar dhuine eile focal ón liosta a litriú agus a scríobh ar fhuinneog. Do rogha féin!

Ag an deireadh seiceáil an litriú le do chara. Má tá sé ceart tá na fuinneoga glan! Beidh seal ag do chara anois.

Mise agus Mé Féin (Céim 13)

Déan liosta de ghníomhaíochtaí eile a dhéanann do chorp. Tá cuid acu ann ón dán cheana féin. Is **briathra** iad na focail seo.

ag léim
ag ceol
ag ól

Seo véarsa eile le cur leis an dán -

*IS CARA MAITH MÉ FÉIN GAN
DABHT,
BÍM I GCÓNAÍ ANN.
MÁ TÁ CARA DE DHÍTH,
SÚGRADH NÓ SCÍTH,
BÍM I GCÓNAÍ LIOM.*

Scríobh do véarsa féin anois faoi chara maith.

Mise agus Mé Féin, Cian agus a Chasúr (Céim 13)



Seo é mo chat.



Seo é a cat.




Seo é a chat.



Seo é ár gcat.

Cuir isteach an leagan ceart den fhocal **casúr** agus críochnaigh an scéal.




An bhfuil do _____
agat? An bhfuil tú _____



Tá a _____ ina lámh.
Tá sé ag _____



An bhfaca tú a _____?
Tá sé _____



Tá a _____ aici. Tá
sí ag _____



Tá sí ag obair lena
_____. Tá sí ag _____



Cá háit a bhfuil mo
_____. An bhfuil
sé _____

Mise agus Mé Féin, Cian agus a Chasúr (Céim 13)

Roghnaigh focail ó na boscaí do na spásanna sna habairtí thíos.



a chara a mhála
a dhinnéar a phóca



a cara a mála
a dinnéar a póca

1. D'fhág Seán slán ag a
2. Níor fhág Siubhán slán ag a
3. D'ith an fear auilig.
4. Níor ith Niamh auilig.
5. Chuir sí airgead ina
6. Níor chuir sé airgead ina
7. Thóg Róisín leabhar amach as a
8. Níor thóg Ciarán leabhar amach as a

Scríobh scéal beag faoi charachtar darb ainm Seán agus é ag déanamh réidh le dul ar scoil. Cad é a thug sé leis?

Scríobh scéal beag faoi charachtar darb ainm Laoise agus í ag déanamh réidh do chleachtadh peile. Cad é a thug sí léi?


Mise agus Mé Féin, Cian agus a Chasúr (Céim 13)



Is duine, áit nó rud é **ainmfhocal**.


Is bleachtaire anois thú! Léigh do leabhar go cúramach agus aimsigh na hainmfhocail uilig atá sa leabhar.

Is bleachtaire maith thú má tá tú ábalta an méid seo aainmfhocail a aimsiú!




Mise agus Mé Féin, Cian agus a Chasúr (Céim 13)

Stad! Stad den bhualadh!



Stadaigí! Stadaigí den bhualadh!



Roghnaigh an briathar ceart ón bhosca leis na bearnaí a líonadh sna bolgáin chainte.

stad

stadaigí

tóg

tógaigí

éist

éistigí

..... den pheil sin!



..... den pheil sin!



..... na balúin in airde.




..... do bhalún in airde.



..... liom a pháistí.



..... liom agus ní thitfidh tú.





Mise agus Mé Féin, Cian agus a Chasúr (Céim 13)

Amharc ar na focail idir lúibíní. Cuimhnigh ar an uatha agus ar an iolra. An bhfuil siad ag caint le duine amháin nó níos mó ná duine amháin?

1. "(Cuir) sin ar an bhalla," arsa Daidí leis na páistí.
2. "Ná (déan) dearmad nach mbeidh scoil ann amárach," arsa an múinteoir leis na paistí.
3. "(Amharc) ar an dragan," arsa Diarmaid le Mamaí.
4. "(Amharc) ar an dragan," arsa Diarmaid le Mamaí agus Daidí.
5. "Ná (bí) amaideach, a Dhiarmaid," arsa Garda.
6. "Ná (bí) amaideach, a Dhiarmaid agus a Shorcha," arsa Garda.
7. "(Amharc)!" arsa Mamaí le Diarmaid.
8. "(Amharc)!" arsa Mamaí le Diarmaid agus le Garda.
9. (Déan) an obair anois, le bhur dtoil.
10. (Tosaigh) ar an obair anois, le do thoil.

Cad é atá na daoine seo a rá? An bhfuil siad ag caint le duine amháin nó le níos mó ná duine amháin?



Mise agus Mé Féin, Diarmaid agus an Dragan (Céim 13)



Tá dragan luaite sa leabhar seo. An bhfuil a leithéid de rud ann?

Is minic rudaí luaite i scéalta nach bhfuil fíor.

Déan liosta agus déan pictiúir sna boscaí le do chara de rudaí a bhíonn i scéalta go minic ach nach bhfuil fíor?

Mise agus Mé Féin, Diarmaid agus an Dragan (Céim 13)



*Lá amháin, tháinig Diarmaid ar dhragan beag.
"Beidh tú agam mar pheata," ar seisean.*

Seo an tús atá leis an scéal Diarmaid agus an Dragan. Tá an scéal uilig léite agat anois agus tá a fhios agat cad é a tharlaíonn ina dhiaidh seo. An dtig leat deireadh eile a chumadh don scéal?

Glac do chuid ama agus déan an deireadh a phleanáil go maith sula dtosaíonn tú ag scríobh.

An mbeidh carachtair eile sa scéal?

An mbeidh greann nó brón sa scéal?

An mbeidh eachtraí eile i do scéal?

Smaoineamh eile don scéal.



Tháinig tú ar shióg nó ar leipreachán i do ghairdín. Ar inis tú do dhuine ar bith? Cad é a rinne tú?

Cé hiad na carachtair a bheidh i do scéal?

An bhfuil an tsióg seo maith nó olc?

An mbeidh laoch i do scéal?

Mise agus Mé Féin, Dáire agus Mamó (Céim 13)



Léigh an abairt seo -

Chuaigh Seán, Máire, Tomás agus Dónal ar scoil inniu.

Léigh na abairtí seo. Ansin scríobh amach ar dhóigh níos fearr iad?
Cad é atá de dhíth leis na habairtí seo a fheabhsú?

Tá Seán ag siúl ar scoil. Tá Máire ag siúl ar scoil. Tá Tomás ag siúl ar scoil. Tá Dónal ag siúl ar scoil.

Chuaigh Mamó chuig an siopa. Cheannaigh sí im. Cheannaigh sí arán. Cheannaigh sí prátaí. Cheannaigh sí úlla.

Bhí mé ag scríobh ar scoil inniu. Bhí mé ag caint ar scoil inniu. Bhí mé ag léamh ar scoil inniu.

Léigh an abairt seo. Scríobh amach ar bhealach níos fearr é, ansin amharc ar leathanach 42 sa leabhar lena fháil amach cad é scríobh an t-údar.

Rith siad thart ar an tolg. Rith siad faoin tábla. Rith siad síos an halla. Rith siad chuig an doras tosaigh.



Mise agus Mé Féin, Dáire agus Mamó (Céim 13)




Dáire atá ar charachtar sa scéal seo. **Diarmaid** atá ar charachtar i scéal eile sa leabhar seo. Léigh an dá ainm seo os ard. An ionann an dá thúsphuaim? Mínigh an difear i d'fhocail féin.

Cuardaigh focail eile leis na túsphuaimanna seo sa leabhar seo agus i leabhair eile. Scríobh sa tábla iad nó i do leabhar.

D Dáire	D Diarmaid

Pióg Mhamó (Céim 13)



nó

Léigh leathanach 8 sa leabhar. Tá sé scríofa mar dhráma.
Scríobh amach arís é i do leabhar mar chomhrá a bheadh i scéal.
Ná déan dearmad ar an phoncaíocht a bheidh de dhíth ort!

.....



Bíonn comhartha ceiste ag deireadh gach ceiste. Scríobh amach liosta de
na ceisteanna atá sa dráma seo. Cad é mar a thosaíonn na ceisteanna seo?
Smaoinigh ar cheisteanna eile a thosaíonn leis an litir chéanna.

C.....

C.....

C.....

Pióg Mhamó (Céim 13)

Úsáid na cártaí seo le cluiche a imirt leis na pictiúir ar an chéad leathanach eile. Tá na focail agus na pictiúir le meaitseáil.

agam

agat

aige

aici


againn

agaibh

acu

Pióg Mhamó (Céim 13)


Meaitseáil na pictiúir seo leis na focail ar an leathanach eile. Is féidir do cheann féin a chumadh sa bhosca fholamh.



Rinne Mamó
pióg. Tá pióg
.....



Rinne mise pióg.
Tá pióg




Amharc
orainne. Tá
liathróid
.....




Seo duit.
Anois tá bia
.....



Bígí cinnte go bhfuil
scuab fiacla



Amharc
orthusan. Tá
balúin



Nach
deas an
bosca
lóin atá
.....



Ceann nó dhó?



Uimhir Uatha = rud amháin

Uimhir Iolra = níos mó ná rud amháin

Tá dóigheanna éagsúla sa Ghaeilge leis an iolra a léiriú.


Seo samplaí d'ainmfhocail san **Uimhir Uatha** agus san **Uimhir Iolra**.

Uatha	Iolra
an fhuinneog	
	na madaí
	na luchóga
an leabhar	
	na hasail
an chnámh	
	na húlla
an bheach	
an capall	
	na cearca
an mhéar	
an duilleog	
	na huibheacha
an gasúr	

Anois déan do liosta féin i do leabhar. Is féidir iad a rangú de réir iolraí.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra

Pióg Mhamó (Céim 13)



Abair an focal *gabhar* os ard. Anois déan é a fhuaimniú go fadálach.
An dtugann tú faoi deara go bhfuil an fhuaim *o* sna focail seo ?
Gearr amach na focail seo agus déan iad a rangú ar an tábla thíos.

amhrán	leonta	leoga	fón
gabhar	rón	leabhar	mamó
ar fheabhas	leon	gabh	brón

-eo-	-abh-	-ó-	-amh-

Turas Eoin (Céim 13)

‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘

Chuaigh mé ar cuairt chuig mo Dhaideo agus ar an bhealach chonaic mé cnoc agus fear ag iascaireacht agus páirc agus páistí agus eitleoga ar foluain agus siopa peataí agus coileáin ag súgradh le liathróid agus trasrian.

Scríobh Eoin liosta de na rudaí a chonaic sé ar a thuras go teach Dhaideo. Caithfidh nach bhfuil Eoin chomh cliste leatsa - níor úsáid sé **camóg** ar bith!

Scríobh liosta Eoin amach arís i do leabhar. Ach úsáid **camóga**.

Is minic a bhíonn ar dhaoine liostaí a dhéanamh. Déan liosta:



de na rudaí atá i do mhála scoile



de na rudaí uilig a chonaic tú ar do bhealach chun na scoile




de dheich rud is féidir a cheannach ag an ollmhargadh



de na múinteoirí sa scoil

Déan do liosta féin anois!

Turas Eoin (Céim 13)



Déan turas ó do sheomra ranga chuig oifig an phríomhoide /clós na scoile / teach do chara . Déan nóta de rudaí a fheiceann tú ar do bhealach. Déan léarscáil ar leathanach le cuidiú leat do bhealach a dhéanamh. Bain triail as do léarscáil nó tabhair do dhuine eile í lena triail. Ar oibrigh sí?

I ndiaidh duit seo a dhéanamh cuardaigh ceantar na scoile/do bhaile féin ar *Google Earth*.



Seo thíos pictiúr de chompás. Léiríonn compás dúinn an áit a bhfuil **an tuaisceart, an deisceart, an t-oirthear** agus **an t-iarthar**. Scríobh isteach ar an chompás iad. Tá ceann amháin déanta duit. Tá rann i mBéarla le cuidiú linn cuimhneamh ar na focail seo - *never eat Shredded Wheat*. Cum do cheann féin i nGaeilge agus foghlaim na focail seo.

Tuaisceart




Turas Eoin (Céim 13)

Tá an scéal seo scríofa san aimsir chaite. Tharla sé agus tá sé thart.
Liostaigh na briathra ón leabhar atá san aimsir chaite ar an bhronntanas.



Seo roinnt briathra san aimsir chaite a d'aimsigh an múinteoir sa scéal.
An dtiocfadh leat abairtí a scríobh leo?



Turas Eoin (Céim 13)

"Cá bhfuil Eoin?" arsa Daideo.
"Níl sé anseo go fóill," arsa Mamó.
"B'fhéidir gur imigh sé ar seachrán."

Tá a fhios againn nár imigh Eoin ar strae sa scéal seo. Bhain sé teach Dhaideo amach slán sábháilte. Ach cuir i gcás gur imigh Eoin ar strae. Scríobh deireadh eile leis an scéal.

Tús an scéil

Bhí lá breithe Dhaideo ann.
Bhí bronntanas ag Eoin dó.
Bhí Mamaí tinn agus bhí ar
Eoin dul leis féin. Rinne sé
léarscáil le cuidiú leis a
bhealach a dhéanamh ann.



Lár an scéil

D'imigh Eoin ar a bhealach go
teach Dhaideo. Bhí a
léarscáil aige. Chuaigh sé
thart le rudaí éagsúla ar a
bhealach agus chonaic sé
rudaí suimiúla.



Deireadh an scéil

Turas Eoin (Céim 13)



Léigh amach an dá fhocal seo atá sa scéal, **teach** agus **déanta**. Abair go cúramach an fhuaim **t** sna focail seo. Cad é a thugann tú faoi deara?

Cuardaigh focail eile leis na fuaimeanna seo sa leabhar seo agus i leabhair eile. Scríobh sa tábla iad nó i do leabhar. Ná déan dearmad go mbeidh siad ag tús, lár nó deireadh an fhocail.

t teach	t déanta

Mo Leabhar Féin (Céim 13)

Cén aois....

An mbíonn

Cé hé...

?

?

Cad é an...

Cad é a ba ...

Cá dtéann...

Seo duit na freagraí! An dtig leat na ceisteanna a scríobh anois?

1. Rásaí an leasainm atá air.
2. Tá mé seacht mbliana d'aois.
3. Bíonn a Mhamaí ag cócaireacht.
4. Ria an t-ainm atá ar a dheirfiúr.
5. Is é Ben an cara is fearr le Rásaí.
6. Téann an teaghlach ag campáil gach samhradh.
7. Lá éigin ba mhaith leis rás a bhaint.
8. Is mise údar an leabhair seo!

Mo Leabhar Féin (Céim 13)

Is focail iad seo ón scéal seo. Abair na focail os ard agus tabhair aird ar leith ar an fhuaim **S**.

Gearr amach na focail seo agus déan dhá ghrúpa díobh ag brath ar an **S** agus an fhuaim atá leis.

Mínigh an dá **S** seo i d'fhocail féin. Aimsigh focail i leabhair eile agus déan dhá liosta.

seacht

Rásaí

gasta

súile

scátaí

sráid

seanteach

seomra


fosta

samhradh

siúl

sé

Mo Leabhar Féin (Céim 13)



Is duine **ard** mé ach tá mo mhúinteoir **níos airde**.

Is é an múinteoir an duine **is airde** sa rang.

Cuir na focail chearta sna spásanna sna habairtí seo. Tá liosta ar leathanach eile le cuidiú leat.

Deir an múinteoir go bhfuil peannaireacht mhaith ag Clíodhna ach tá peannaireacht _____ agamsa. Tá mo pheannaireacht ar an pheannaireacht _____ sa rang.

Cheannaigh mo mháthair rothar mór dom. Tá mo rothar _____ ná rothar Oisín ach is le Ciarán an rothar _____.

Rith mé go gasta ach rith mo chara _____.
Is é mo chara an duine _____ sa rang.

Is dune óg í mo dheirfiúr. Tá sí _____ ná mé ach is é mo dheartháir an duine _____ sa teaghlach.

Is gasúr beag é Pádraig. Tá sé _____ ná duine ar bith eile sa rang ach is é Seán an duine _____ sa chlós.

Beidh múinteoir deas againn i Rang 5. Bhí múinteoir _____ againn anuraidh ach is é múinteoir Rang 4 an duine _____.

Mo Leabhar Féin (Céim 13)

Gearr amach na cártaí seo agus úsáid iad le cluiche meaitseála a imirt.

maith

níos fearr

beag

níos lú

mór

níos mó

deas

níos deise

mall

níos moille

ard

níos airde

óg

níos óige

sean


níos sine

luath

níos luaithe

Mo Leabhar Féin (Céim 13)

Amharc ar an chrann ghinealaigh seo. Thig leat an teaghlach uilig a fheiceáil.
Déan crann ginealaigh de theaghlach s'agat féin.




Súil ar do Chorp (Céim 13)

Agus an leabhar anois léite agat pléigh na briathra. Cad é a thugann tú faoi deara?

Liostaigh na briathra uilig atá san aimsir láithreach ar na cosa thíos.



Súil ar do Chorp (Céim 13)



Críochnaigh an tábla thíos i do chóipleabhar.
Úsáid an t-eolas san innéacs le cuidiú leat.


<i>Codanna an choirp</i>	<i>Eolas a léigh mé sa leabhar.</i>	<i>Eolas a fuair mé ar an idirlíon.</i>
inchinn	Tá d'inchinn mar ríomhaire.....	

Léigh innéacs an leabhair arís. Roghnaigh roinnt focal eile ón leabhar le hinnéacs úr a scríobh.

Cuimhnigh ar an ord aibítire! Lean ort!



Tarraing pictiúr díot féin i do chóipleabhar agus cuir lipéid eolais air.



sean

luath

beag

geal

ard

maith

mór

mall

gasta

óg

deas

is sine

is luaithe

is lú

is gile

is airde

is fearr

is mó

is moille

is gasta

is óige

is deise

níos sine

níos luaithe

níos lú

níos gile

níos airde

níos fearr

níos mó

níos moille

níos gasta

níos óige



níos deise

Bronntanais (Céim 14)

Is uimhir iolra é an focal **bronntanais**.

Is fearr i bhfad bronntanais ná bronntanas!

Amharc ar na focail eile seo agus scríobh isteach an **uimhir iolra** nó an **uimhir uatha** atá ar iarraidh.

 Ú! Fuair mise bronntanas!	 Ú, ú! Fuair mise	 Sin cat beag bídeach.	 Tá na seo breá mór.
 Nach deas é an sin.	 Nach deas iad na sin.	 Ní rásaíochta mé!	 Is rásaíochta muid!

Líon isteach na focail eile atá ar iarraidh ar an tábla thíos.

<i>Uatha.....Iolra</i>	<i>Uatha.....Iolra</i>
an leabhar..... na _____	an folcadánna _____
an gasúrna _____	an t-asalna _____
an pictiúrna _____	an coscánna _____
an séasúrna _____	an torbánna _____
an casúrna _____	an rotharna _____
an camánna _____	an ciorcalna _____
an t-urlárna _____	an triantánna _____
an t-údarna _____	an grafna _____
an slodánna _____	an cnocna _____

Bronntanais (Céim 14)

Cóipeáil agus gearr amach na focail seo agus úsáid iad le cluiche meaitseála ríme a imirt.
Úsáid iad le véarsa eile a scríobh don dán.

mór

go leor

glór

stór

ildathach

i bhfolach

feargach

uafásach

blasta

snasta

casta

gasta

anois

bronntanais

Fraincis

Bronntanais (Céim 14)

Léigh an dán **Bronntanais** amach go hard. Aimsigh na focail a dhéanann rím. Déan liosta i do chóipleabhar d'fhocail eile a dhéanann rím leo.

Is minic duit bronntanais a fháil ar do lá breithe. Scríobh dán faoin lá speisialta seo. Tá cúpla focal a dhéanann rím anseo a chuideoidh leat dán maith a scríobh. Déan iarracht cur leis sula dtosaíonn tú ag scríobh.



Bronntanais (Céim 14)

Maith

Acmhainn grinn

Múinte

Aoibhinn

Íocón

Ceolmhar

Amaideach

Trodach



Mo chara is fearr

Ag rith gan stad

Déanann sé a dhícheall

Agus fanann sé liom

Dreapadh agus léim

Húrá don mhadadh is fearr

Tugaimid **Acraistic** ar an chineál scríbhneoireachta seo. An dtig leat acraistic de do chuid féin a chumadh a bhaineann le Bronntanas.

B
R
O
N
N
T
A
N
A
S



Bronntanais, An Bronntanas Lá Breithe (Céim 14)

Tá Ciarán agus Róisín sa siopa agus tá siad ag caint. Tá rudaí ar iarraidh sna boscaí thíos. Scríobh amach arís iad mar is ceart.

Ansin amharc i do leabhar go bhfeicfidh tú an aontaíonn tú leis an údar.

Cad é atá de dhíth ort anseo arsa Ciarán
Fráma deas do ghrianghraf arsa Róisín

Cad é atá de dhíth ort anseo arsa Ciarán
Ribín mór buí páipéar glas agus cárta le scríobh air

Léigh na smaointe atá sa bholgán smaointe.



Cad é atá de dhíth orm sa siopa?

Mmmm.....

Tá bróga móra agus bríste mór
agus srón dhearg agus bláth deas
agus rothar beag de dhíth orm!

Sílim go bhfuil camóga de dhíth ort!

Scríobh amach an abairt seo arís le camóga le cuidiú leis an fhear ghrinn.

Bronntanais, An Bronntanas Lá Breithe (Céim 14)



Léigh an scéal seo arís agus ansin smaoinigh ar do scéal féin a scríobh.

Scríobh scéal cosúil leis an cheann seo ach amháin go bhfuil tú ag dul a dhéanamh béile.

Seo roinnt smaointe duit le tús a chur leis.

Chuaigh _____ agus _____ chuig an siopa.

"Cad é atá de dhíth ort anseo?" arsa _____.

"Prátaí/Pasta/Rís don dinnéar," arsa _____.

Chuaigh _____ agus _____ chuig siopa eile.

"Cad é atá de dhíth ort anseo?" arsa _____.

"Uachtar reoite/Císte seacláide don iarbhéile," arsa _____.

1

2



3

Úsáid an t-eolas atá sa scéal seo. Scríobh treoracha do dhuine le bronntanas lá breithe a dhéanamh. Cuimhnigh ar an bhronntanas, ar an pháipéar le cur thart air agus ar an chárta.

Nó.....

Úsáid an t-eolas atá i do scéal féin. Scríobh treoracha don bhéile a rinne tú sa scéal.

Bronntanais, Cluiche Liathróide (Céim 14)



1. Cad é a rinne Bríd leis an liathróid?
2. Cad é a rinne Bean Uí Néill leis an liathróid?
3. Cad é a rinne Ruairí leis an liathróid?
4. Cad é rinne Bean Uí Néill leis an liathróid an iarraidh seo?
5. Cad é a rinne Séimí leis an liathróid?
6. Cad é a shocraigh Bean Uí Néill?
7. Déan cur síos ar na rudaí a rinne Bean Uí Néill agus í ag imirt.

Amharc go cúramach ar na freagraí a scríobh tú do gach ceist. Cad é an focal atá ag tús gach freagra? Tá ainm ar leith air.

Déan liosta de na briathra uilig atá sa scéal seo. Ansin scríobh cur síos orthu. Cad é a insíonn siad dúinn agus an bhfeiceann tú patrún ar bith?



Bronntanais, Cluiche Liathróide (Céim 14)

Camóga casta i liostaí

Bhí Ruairí agus Séimí ag imirt cluiche liathróide sa pháirc.

Ach in áit

Bhí Ruairí agus Bríd agus Séimí ag imirt cluiche liathróide.

Úsáid camóga

Bhí Ruairí, Bríd agus Séimí ag imirt cluiche liathróide.

Tabhair faoi deara go gcuirimid camóg isteach nuair atá liosta i gceist. Thig leat an **agus** deireanach a fhágáil.

Léigh na habairtí seo go cúramach agus cuir an chamóg isteach san áit chuí.

1. Sheas Seán Máire agus Orlaith suas ar an ardán.
2. Thug an múinteoir obair bhaile do Ruairí Rónán Róisín agus Dháire.
3. Chuir mé ceapairí úll sútha talún buidéal uisce agus iógart i mo bhosca lóin.
4. Tá an Fhrainc an Ghearmáin an Iodáil an tSualainn agus an Spáinn uilig san Eoraip.
5. Chuaigh Fionnuala chuig an siopa le bainne arán im subh milis uibheacha agus torthaí a cheannach.

‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘ ‘

Bronntanais, Cluiche Liathróide (Céim 14)

Gearr amach nó cóipeáil na fuaimeanna seo agus cuir ar na línte fuaime thíos iad.

ch	o	t	t	o	ch	ch	ch
b	s	o	ch	l	a	a	t





mo

bocht






mo



Bronntanais, Cluiche Liathróide (Céim 14)



Déan dhá phictiúr de Bhean Uí Néill. Ceann acu agus í ag obair sa ghairdín agus an ceann eile agus í ag imirt cluiche liathróide. Déan cur síos ar a cuid éadaí agus an fáth a bhfuil siad uirthi.

Bean Uí Néill ag obair sa ghairdín

Bean Uí Néill ag imirt cluiche liathróide



Smaoinigh ar ghníomhaíochta/shlite beatha eile a bhfuil éadaí faoi leith de dhíth. Tarraing pictiúr de na cultacha seo agus déan cur síos orthu, arís, ag míniú cad chuige a bhfuil siad ag fóirstean.

Bronntanais, An Teach Beag Donn (Céim 14)


Is carachtair iad na rudaí éagsúla sa teach beag donn. Scríobh na leathanaigh 36 go 40 amach mar dhráma. Amharc ar dhrámaí eile leis an leagan amach a fheiceáil.



Tabhair páirteanna do dhaoine eile i do ghrúpa agus léirigh an dráma don rang.

.....

Scríobh treoracha/oideas a léiríonn an dóigh le hubh bhruite a dhéanamh.



Déan pictiúir de na carachtair i do leabhar agus déan bolgáin chainte leo agus na rudaí a deir siad iontu.

Smaoinigh ar charachtair eile don scéal agus déan bolgáin chainte agus caint dóibh sin fosta. Seo roinnt samplaí duit.

Bhúf! Bhúf!



Bhúis! Bhúis!



Íic! Íic!



Bronntanais, An Teach Beag Donn (Céim 14)

ar + an =



leis + an =



as + an =



Ááá -
barraíocht
oibre arís!

as an chiteal

leis an chat

ar an ghealach

In amanna thig linn focail a ghreamú le chéile.

Faoi an tábla? Ní thig leat sin a rá! Cad é faoi..... Faoi an tábla.
Do an chóisir? Cad é faoi... Don chóisir.

Scríobh amach na frásí seo mar is ceart:

chuig + an + coill

do + an + múinteoir

leis + an + clog

faoi + an + geata

ar + an + balla

do + an + cat

as + an + mála

ar + an + geata

faoi + an + leaba

ag + an + múinteoir

Bronntanais, An Teach Beag Donn (Céim 14)



Tá an fhuaim **bh** sa scéal seo go minic. Déan liosta de na focail uilig ina bhfuil an fhuaim seo, bíodh sí ag tús, lár nó deireadh focal.


Ansin cuardaigh samplaí eile sa scéal *Cluiche Liathróide*. Abair an fhuaim sna focail atá agat os ard. Cad é a thugann tú faoi deara?

Déan dhá liosta de na focail seo agus mínigh an difear a chluineann tú.

bh <i>an bhean</i>	bh <i>bhuail</i>

Cé hlad na Carachtair? (Céim 14)

Tá dhá scéal luaite sa leabhar seo *Cochaillín Dearg* agus *Seán agus an Gas Pónaire*.



Roghnaigh ceann de na scéalta seo agus scríobh arís é i d'fhocail fein. Déan plan ar dtús agus cuimhnigh ar thús, lár agus dheireadh an scéil. Cuimhnigh chomh maith ar na carachtair sa scéal.

Tús an scéil

I bhfad ó shin.....
Bhí ann.
Ba mhaith leis an dul
chuig an
Bhí ina chónaí/ina
cónaí i lár na coille.

Lár an scéil

Shocraigh ar imeacht
chuig an
D'imigh sí léi/D'imigh sé leis.
Ar an bhealach.....

Deireadh an scéil

Níor shíl go dtarlódh a
leithéid.
Thuig sé/sí sa deireadh go
raibh.....
Agus mhair sé/sí mar sin an
chuid eile dá saol/shaol.

Cé hlad na Carachtair? (Céim 14)

Seo iad na rainn atá luaite sa leabhar seo. Roghnaigh an ceann is fearr leat agus úsáid é le scéal a scríobh. Cuideoidh na pictiúir sa bhosca thíos leat cuimhneamh ar rainn eile. Bailigh rainn eile le do ghrúpa.

Liam Beag an Néilín



Liam beag an Néilín,
ag rith ar fud an tí.
Suas an staighre, síos an staighre,
gan air ach léine oích'.
Ag bualadh ar na fuinneoga,
's ag scairtigh amach,
An bhfuil na páistí uilig ina gcodladh,
tá sé leath i ndiaidh a hocht.

Treasa, Treasa, Sona Sásta

Treasa, Treasa, sona sásta,
Ag obair léi sa ghairdín.
Le nóiníní bána is lusanna dána,
Amuigh go luath ar maidin.



A Ghasúir Bhig Ghoirm

A ghasúir bhig ghoirm, seo séid ar d'adharc.
Tá na caoirigh sa chuibhreann,
An bhó ins an choirce.
Ach cá bhfuil an fear beag
'Bhí ag buachailleacht bó?
Ina chodladh atá sé,
Le huair nó dhó.




Cé hIad na Carachtair? (Céim 14)

Scríobh na focail a dhéanann rím sa leabhar sna boscaí thíos. Ansin aimsigh focail eile a dhéanann rím. Déan cinnte go bhfuil ar a laghad dhá fhocal ann a dhéanann rím. Gearr amach na focail agus imir cluiche leo. Déan do chuid rialacha féin.

Cé hIad na Carachtair? (Céim 14)

Léigh do leabhar go cúramach agus aimsigh na haidiachtaí atá sa leabhar.
Scríobh aidiachtaí eile a chuireann síos ar na focail seo.



Bia Blasta (Céim 14)


Bananéan.
Mmmm!

In Abar sa
Chlábar. Mmmm!

Deoch go Deo.
Mmmm!

Gráinneog
Ghleoithe. Mmmm!

Is leabhar cócaireachta é seo. Tá seacht n-oideas ann ar fad. Roghnaigh an ceann is fearr leat agus scríobh amach i d'fhocail féin é i do leabhar. Déan pictiúir mar chuid de na treoracha.



Ba mhaith leat bialann a oscailt sa scoil.

Tá biachlár de dhíth ort. Déan biachlár a mheallfaidh custaiméirí chuig do bhalann.

Smaoinigh ar ainmneacha snasta do na béilí.

Chilli te!

Ceapairí
rósta iontach
blasta

Curaí is rís
ar bís

Pasta blasta
iontach gasta

Stobhach
Gaelach
iontach!

Ná déan scíste
ag ithe císte

Maróg
Nollag do do
bholg.

Bia Blasta (Céim 14)

Amharc ar an dá bhosca thíos. Tá liosta ann de na rudaí atá de dhíth ort le **Bananéan** agus **Deoch go Deo** a dhéanamh.


Deoch go Deo



Úsáid na rudaí seo:

- púdar dí
- uisce
- crúiscín
- oighear
- gloiní
- torthaí gearrtha

Bananéan



Úsáid na rudaí seo:

- banana
- milseáin
- torthaí bruite
- bior fiacra
- siosúr

Scríobh amach na liostaí seo mar abairtí i do leabhar. Ná déan dearmad go mbeidh camóga de dhíth ort.



Roghnaigh oideas eile ón leabhar a thaitníonn leat nó a rinne tú féin agus scríobh cur síos ar na rudaí a d'úsáid tú.

Ná déan dearmad ar na camóga arís!

,

Bia Blasta (Céim 14)

Déan liosta de na briathra sa leabhar seo ar na boscaí sna biachláir nó i do leabhar.



Is **orduithe** iad na briathra seo. Déan liosta d'orduithe iad. Cuardaigh samplaí eile i leabhair eile.

Déan do chuid
oibre!



Tóg an mála sin!

Oscail an doras
dom!

Glan do
sheomra!





Bia Blasta (Céim 14)

Ná déan dearmad go n-athraíonn orduithe má bhíonn tú ag caint le níos mó ná duine amháin. Scríobh na horduithe sna spásanna nó scríobh na habairtí i do leabhar.


Amharc nó Amharcaigí ar na sioraif. ar na sioraif.  	Éist nó Éistigí le mo scéal. le mo scéal.  	Coinnigh nó Coinnígí greim anois. greim anois.  
Bí nó Bígí cúramach! cúramach!  	Lig nó Ligigí amach mé! isteach mé!  	Suigh nó Suígí síos mar is ceart! síos mar is ceart!  

Bronntanas don Nathair (Céim 14)

Cuardaigh samplaí de na fuaimeanna seo i do leabhar. Ná déan dearmad go mbeidh siad ag tús, lár nó deireadh focal.



Bronntanas don Nathair (Céim 14)



Is dráma é an leabhar seo. Léigh é le do ghrúpa mar dhráma.

Tá trí charachtar sa dráma seo. Beidh aidiachtaí de dhíth ort le cur síos a scríobh orthu.

Déan liosta d'aidiachtaí a chuireann síos ar gach carachtar agus ansin scríobh cur síos orthu i do leabhar.

Coinín

cineálta
donn


Nathair

glic
dalba

Madadh Rua

cliste
cuidiúil

Bronntanas don Nathair (Céim 14)



Is laghairt é Scéalaí an dráma seo. Chonaic sé gach rud a tharla sa dráma seo. Cad é do bharúil a shíl Laghairt de gach rud?

Scríobh scéal Laghairte. Ar aontaigh sé leis an rud a tharla? Ar shíl sé go ndearna Madadh Rua an rud ceart ag deireadh an dráma?


Seo tús scéal Laghairte.....

Laraí Laghairt an t-ainm atá ormsa agus tá mé i mo chónaí sa ghaineamhlach i dtír mhór darb ainm Meiriceá. Ní chuirim isteach ar dhuine ar bith agus ní chuireann duine ar bith isteach ormsa. Ach dhá ghealach ó shin chonaic mé rud cóngarach do mo theach a chuir mo sháith iontais orm.....




Tá an scéal seo scríofa mar dhráma agus mar sin níl comharthaí cainte de dhíth. Scríobh amach leathanach 4 arís mar scéal agus úsáid comharthaí cainte leis an chaint a léiriú. Ná déan dearmad a rá cé atá ag caint.

B'fhéidir go dtiocfadh liom an charraig a bhogadh.



Má bhogann tú í tabharfaidh mé bronntanas duit.



Ba mhian leis an nathair sa scéal seo an coinín a ithe. Tuigimid go n-itheann ainmhithe ainmhithe eile.

Tugaimid **biashlabhra** ar an dóigh a mbíonn ainmhithe ag brath ar ainmhithe eile a ithe le bheith beo.

Fiosraigh biashlabhra eile agus déan póstaer faoi.

Brioscaí Beo (Céim 14)

Beidh aonach cístí ag Seána agus Siún. Dear póstaer d'aonach cístí a bheidh ag do rang féin. Ná déan dearmad an t-eolas thíos a chur ar do phóstaer.

Cén lá?

Cá háit a mbeidh sé?


Cad iad na himeachtaí?

Cá rachaidh an t-airgead?

Cad é an t-am?

Úsáid dathanna agus clónna

Úsáid pictiúir dhaite



Brioscaí Beo (Céim 14)




Rinne Seána agus Siún brioscaí deasa don aonach cístí. Bíonn oideas de dhíth le cístí a dhéanamh. Aimsigh oideas i leabhar cócaireachta agus scríobh amach na treoracha do chara. B'fhéidir go dtiocfadh leat na brioscaí a dhéanamh ar scoil nó don obair bhaile.

.....


Scríobh litir nó ríomhphost chuig áit a ndeachaigh tú féin ar cuairt, ag gabháil buíochais as an lá iontach a bhí agat ann.



Scríobh an scéal seo mar script dráma. Ná déan dearmad ar threoracha stáitse agus ar scéalaí an dráma.



Brioscaí Beo (Céim 14)



Seána agus Siún atá ar na páistí sa scéal seo. Scríobh síos na focail eile sa scéal seo ina bhfuil an fhuaim **s**.

Ná déan dearmad go mbeidh siad ag tús, lár nó deireadh focail!

Abair an fhuaim seo amach os ard. An dtugann tú rud ar bith faoi deara?
Déan dhá liosta de na focail seo agus mínigh an difear i d'fhocail féin.
Tá cúpla ceann déanta duit.

S

Seána Siún seo rís

S

sásta rás

Focail le Foghlaim (Céim 14)

Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.

chonaic	ní fhaca
ag teacht	thosaigh
uirthi	d'fhág
ag cuidiú	itheann
ag iarraidh	chuig
ní raibh	fuair
tháinig	chuaigh
eile	bíonn
le chéile	réidh
tharla	iontach

Focail le Foghlaim (Céim 14)

Gearr amach na focail seo. Cleacht iad le cara. Cóipeáil iad agus úsáid iad le cluiche *snap* nó *péirí* a imirt. Foghlaim an dóigh lena litriú.

chuala	rachaidh
nuair	cuidigh
againn	caoineadh
acu	orthu
feicim	duine
caithfidh	bheith
ag éirí	ar aghaidh
seachtain	ag tabhairt
oíche	amháin
tabharfaidh	dóibh

FOCAIL AG FÁS AR NA CRAINN




Tá focail ag fás ar an chrann seo.

Imir an cluiche seo le cara. Nuair atá na focail ar eolas agaibh úsáid iad leis na focail a scríobh ar na duilleoga. Cuireann duine amháin ceist ar dhuine eile focal ón liosta a litriú agus a scríobh ar dhuilleog. Do rogha féin! Ag an deireadh seiceáil an litriú le do chara. Má tá sé ceart tá an crann lán focal! Beidh seal ag do chara anois.

Luchóga (Céim 15)

Aimsigh na focail a dhéanann rím sa dán seo. Ag baint úsáid as na focail seo scríobh dán i do leabhar faoi nathair agus déan cruth na scríbhneoireachta cosúil le cruth nathrach.



Cuideoidh na focail eile seo leat fosta;

nimh - libh

cuartha - buartha

fada - tada

glas - deas


tanaí - leanaí

lúfar - scáfar

Scríobh dán faoi ainmhí eile a thaitníonn go mór leat nó nach dtaitníonn leat ar chor ar bith. Déan dréacht i do leabhar i dtús báire.

Ansin déan pictiúr den ainmhí seo agus scríobh an dán sa phictiúr.

Tá roinnt pictiúr anseo le cuidiú leat.



Luchóga, An tArracht (Céim 15)



Déan dráma den scéal seo agus tabhair páirteanna do dhaoine sa rang. Scríobh an scéal amach i bhfoirm dráma ar dtús le cuidiú leat an dráma a léiriú.

Tá tús curtha leis:

Scéalaí: Bhí Lára Luchóg ag súgradh sna duilleoga.

Rinne sí masc.

Rinne sí hata.

Luchóg: Is Arracht mé!

Scéalaí: Rith Lára isteach sa teach.



Ar aghaidh leat anois!

Cuir i gcás go raibh an scéal seo i leabhar leis féin. Scríobh an blurba le dul leis.



Ba mhaith le Daidí cleas a imirt ar Lára i ndiaidh di cleas a imirt airsean, ach tá deacrachtaí aige. An dtig leat cuidiú le Daidí smaoineamh ar chleas a imirt ar Lára? Scríobh faoi nó labhair le do chara faoi.



Mmm.....

Luchóga, An tArracht (Céim 15)

Ach shéid an ghaoth.

Shéid sí masc Lára.

Shéid sí hata Lára.

Shéid sí Lára suas san aer.



Tuigimid go dtig le hainmfhocal bheith **baininscneach** nó **firinscneach**. Tá an focal sí sa phíosá thuas. Tá an t-ainmfhocal gaoth baininscneach. Amharc ar na focail ar an bhalla sa seomra ranga agus sna leabhair léitheoireachta atá léite agat. Liostaigh na hainmfhocail bhaininscneacha a aimsíonn tú.

Ansin smaoinigh ar na ceisteanna ag bun an leathanaigh.

Ainmfhocail Bhaininscneacha



Cad é mar atá a fhios agat gur ainmfhocail bhaininscneacha iad?

Cad é a tharlaíonn d'ainmfhocail bhaininscneacha?

An bhfeiceann tú patrún ar bith?

Luchóga, Ag Tabhairt Aire do Labhraí (Céim 15)

Is tusa Labhraí. Déan cur síos ar an dóigh a gcuireann tú do lá isteach. Cuideoidh na ceisteanna thíos leat do scéal beag a scríobh.

An bhfuil cara agat? Ar mhaith leat cara?




Cén sórt bia a itheann tú? An ndéanann tú do bhia féin?



An mbíonn tú ag súgradh? An maith leat páistí?




Cá bhfuil tú i do chónaí? Ar mhaith leat teach nua?



Ar mhaith leat bheith níos mó? An maith leat bheith beag bídeach?




An bhfuil post agat? Ar mhaith leat post a bheith agat?



Luchóga, Ag Tabhairt Aire do Labhraí (Céim 15)

Is leatsa Labhraí. Deir do Mhamáí nach bhfuil cead agat luchóg a choinneáil sa bhaile níos mó. Dear póstaer ag cuardach áit úr chónaithe do Labhraí. Déan cur síos ar Labhraí agus na riachtanais atá aige.



Tá áit úr chónaithe de dhíth orm. An dtig leat cuidiú liom?
Ba mhaith liom -

- Duine cineálta
- Bia deas
- Aclaíocht
- Áit ghlan

Tá seal ag do chara Labhraí a thabhairt abhaile don deireadh seachtaine. Scríobh amach na treoracha a bheidh de dhíth air/uirthi le haire mhaith a thabhairt do Labhraí.

Luchóga, Ag Tabhairt Aire do Labhraí (Céim 15)

Súiche an t-ainm atá ar an chat sa scéal.
Tá frása sa Ghailge **chomh dubh le súiche**.
Tá frásaí sa Ghaeilge a bhfuil **samhlacha** orthu.
Samhlaíonn tú go bhfuil rud cosúil le rud eile.

Déanfaidh
samhlacha do
scríbhneoireacht
i bhfad níos
suimiúla!



Chomh dubh le súiche

Chomh falsa le muc

Chomh bán le sneachta

Cuir na frásaí seo in abairtí. B'fhéidir go dtiocfadh leat tuilleadh a aimsiú agus a scríobh.



Scríobh an scéal seo i bhfoirm dráma. Tá tús curtha leis!

Scéalaí: Bhí peata luchóige darbh ainm Labhraí ag rang Shéimí. Gach deireadh seachtaine, thug duine amháin as an rang Labhraí abhaile leis.
Séimí: A Mhamáí, an dtig liomsa Labhraí a thabhairt abhaile liom an deireadh seachtaine seo?

Luchóga, Ag Tabhairt Aire do Labhraí (Céim 15)

Gearr amach na focail seo agus sórtáil iad nó úsáid iad le cluiche meaitseála a imirt. Abair amach os ard iad agus tabhair aird ar leith ar an fhuaim **S**.

An dtugann tú rud ar bith faoi deara? An ndéanann tú an **S** a fhuaimniú ar an dóigh chéanna gach uair? Cad chuige seo, i do bharúil?

seachtain

Séimí

seomra

súiche

siúl

sé

Satharn

sin

súgradh

seisean

séid

suas

san

sáith


seo

Luchóga, Leaba agus Bricfeasta (Céim 15)



Léigh an scéal agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén sórt oíche a bhí ann?
2. Cad é a bhí scríofa ar an fhógra taobh amuigh den teach?
3. Cé uilig a d'fhan sa teach an oíche sin?
4. Cé a tháinig slán as an teach an mhaidin dár gcionn?
5. Cad chuige a raibh an cat ag gáire, dar leat?
6. Cad é a bhí ag Cat don bhricfeasta, do bharúil?
7. Cad é an carachtar is fearr leat sa scéal? Cad chuige?
8. Mínigh an biashlabhra atá i gceist sa scéal seo. An dtig leat smaoineamh ar bhiashlabhra ar bith eile?



Luchóga, Leaba agus Bricfeasta (Céim 15)


Bhí fógra taobh amuigh den teach "Leaba agus Bricfeasta".

Amharc ar na fógraí thíos agus mínigh iad i d'fhocail féin.

An dtig leat smaoineamh ar fhógraí eile atá le feiceáil thart orainn?

Déan liosta d'fhógraí eile atá le feiceáil sa cheantar a chuidíonn linn agus a thugann eolas dúinn.

Déan póstaer/fógra de cheann acu. Ná déan dearmad go gcaithfidh sé bheith sofheicthe, soléite agus geal!




Cat sa Chistin (Céim 15)

A **ch**ara, aimsigh na focail sa scéal ina bhfuil an fhuaim **ch**. Déan liosta. Is féidir leis an fhuaim seo bheith ag an tús, lár nó deireadh an fhocail. Ar mhaith leat í a **ch**leachtadh ó bhéal? Ba mhaith liomsa dul a **ch**odladh!




Aimsigh focal sa scéal ina seasann dhá litir d'fhuaim amháin. Is féidir leis an fhuaim seo bheith ag tús, lár nó deireadh an fhocail. Aimsigh focail i leabhair eile ina seasann dhá litir d'fhuaim amháin. Cad é an litir dhúbailte is coitianta agat, **nn**, **ll** nó **rr**?




Cat sa Chistin (Céim 15)

Déan pictiúr i do leabhar de na carachtair uilig sa scéal mar atá déanta thíos. Déan bolgáin chainte taobh leo agus scríobh isteach an bia is fearr leo mar atá sé scríofa sa scéal seo.



Ní maith leis na carachtair uilig sa scéal seo cáis ach tá cáis iontach maith duit. Déan cuardach ar an idirlíon agus aimsigh oideas ina bhfuil cáis mar chuid de. Déan é a phriontáil agus a ghreamú i do chóipleabhar nó scríobh amach é tú féin.

Scríobh oideas mar atá sa leabhar cócaireachta sa scéal seo de cheapaire. Smaoinigh ar ainm maith don cheapaire agus ar na rudaí a chuirfidh tú ann.



Luchóga ar Scoil (Céim 15)



Déan clár *ABC*. **A**r eolas agam, **B**a mhaith liom a fhoghlaim, **C**ad é a d'fhoghlaim mé.

Is minic creimirí luaite sa leabhar seo. Lión isteach colúin **A** agus **B** sa tábla thíos. Lión isteach **C** i ndiaidh duit eolas breise a aimsiú sa leabhar, ón leabharlann nó ar an idirlíon.

<i>Creimirí</i>		
<i>A</i>	<i>B</i>	<i>C</i>


Luchóga ar Scoil (Céim 15)

Léigh an leabhar agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é an rud é mamach?
2. Ainmnigh na cineálacha éagsúla luchóg atá ann.
3. Cad é a itheann luchóga?
4. Cad é mar a thugann na máithreacha aire dá mbabaithe?
5. Mínigh an focal *creimire* i d'fhocail féin.
6. Liostaigh na creimirí uile atá luaite sa leabhar seo agus fíric amháin faoi gach ceann acu.

Is luchóg mhór mé!
Mmm! Is francach mé fosta!


Deirtear gur tháinig muid go hÉirinn ar
longa ón Fhrainc - Francaigh!




Léigh blurba an leabhair. An dtiocfadh leat do
bhlurba féin a scríobh don leabhar seo?

Luchóga ar Scoil (Céim 15)

Liostaigh na briathra atá scríofa san aimsir láithreach sa leabhar seo. Cad é a thugann tú faoi deara?



Luchóga ar Scoil (Céim 15)



Uimhir Uatha = rud amháin

Uimhir Iolra = níos mó ná rud amháin

Athraíonn ainmfhocail nuair atá níos mó ná rud amháin i gceist.

Seo samplaí d'ainmfhocail san **Uimhir Uatha** nó san **Uimhir Iolra**. An féidir leat an tábla seo a líonadh?

<i>Uatha</i>	<i>Iolra</i>
an áit	
	na heireabaill
	na hioraí rua
an bhróg	
an babaí	
	na muca
an fhuinneog	
an tsúil	
	na peataí
an creimire	na creimirí
	na crainn
an francach	
	na páistí
an hamstar	
	na neadacha
an fhiacail	
	na huibheacha
an duine	
an dealg	
	na luchóga

Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe (Céim 15)

Déan pictiúr agus cur síos ar an charachtar is fearr leat sa scéal seo. Úsáid neart **aidiachtaí** sa chur síos.

Cé acu is fearr leis na carachtair, saol na cathrach nó saol na tuaithe?

Is mise Luchóg Chathrach.



Is mise Luchóg Thuaithe.



Is maith le Luchóg Thuaithe teach agus bia Luchóg Chathrach. Ach bhí rudaí eile ann nach maith leis faoi shaol na cathrach.

Cé acu is fearr leat féin, saol na cathrach nó saol na tuaithe?







Déan liostaí i do leabhar de na rudaí a fheicimid sa chathair agus rudaí a fheicimid faoin tuath.



Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe (Céim 15)

Pléigh teideal an leabhair seo. Cad é an chiall atá leis? Athraíonn focail áirithe sa Ghaeilge.


Is iad na focail **cathair** agus **tuath** atá i gceist ach tá siad athraithe sna frásaí seo. Scríobh isteach na focail atá athruithe sna frásaí eile seo.



Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe (Céim 15)

Samhlaigh gur ceann de na luchóga thú.
Scríobh cárta poist chuig an luchóg eile
faoin am a chaith tú léi.

Scríobh faoi na rudaí a rinne sibh le chéile,
cad é a d'ith sibh agus ar bhain tú sult as?



Amharc ar léarscáil na hÉireann in
atlas nó ar chruinneog.
Amharc go háirithe ar na cathracha
agus ar na ceantair thuaithe. Cad é a
thugann tú faoi deara?

Déan liosta de chathracha na hÉireann.
An raibh tú riamh ar cuairt ar chathair
in Éirinn? Déan cur síos uirthi.




Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe (Céim 15)

Is dráma é an scéal seo. Mar sin, níl comharthaí cainte ann!


Cé a bhí ag caint?

Scríobh amach na habairtí thíos agus cuir na comharthaí cainte san áit cheart.

A dhá luchóga beaga a scairt an madadh gheobhaidh mise sibh.




Cruithneacht atá ann a d'fhreagair sí fásann sí sna páirceanna.



Feicim dhá luchóg do mo dhinnéar arsa an cat.

Cad é sin? a chogair Luchóg Thuaithe ní maith liom an chuma atá air.



Rith! Rith chomh gasta agus a thig leat! a scread Luchóg Chathrach.

Luchóg Chathrach agus Luchóg Thuaithe (Céim 15)

Tá príomhchathair ag gach tír. De ghnáth sin an áit a mbíonn rialtas na tíre sin lonnaithe.

Aimsigh na príomhchathracha thíos ar an fhocalchuardach.

Ansin aimsigh iad ar léarscáil an domhain.

Príomhchathracha


h d P n B P s M n s o h l M
t d i B o c e i Á t e m a L
a o o a e t m e i n o i r c
i n r d i o g o B L d ó i l
l a a B r M P n e r l R n B
C o a m a c ó á i c i n r í
a i d a i h L d r h i A y n
h e t n d W a n l a s ó i o
t a ó á a t d i í W s a T g
Á o o C o n h r n a d r W s
e e a c o ó S y d n e y T n
l e Á M i i a M o s c ó s e
i n B n B W n L r i Á i s i
a l l n d d r r i a i B W h
B t d í i r n L y t n P a ó

BaileÁthaCliath
Londain
Páras
Sydney
Moscó
Tóiceo
Beirlín
Maidrid
AnRóimh
Washington

Lucaí Luchóg (Céim 15)


Déan stiallchartún faoi pheata ranga atá agaibh agus a éalaíonn óna chás. Cad é a tharlaíonn sa rang? Cad é a dhéanann an múinteoir? Cad é a deir na páistí? Úsáid bolgáin chainte le caint a léiriú.

Lucaí Luchóg (Céim 15)




Scríobh treoracha nó clár ama, mar atá déanta ag na páistí sa scéal seo. Scríobh isteach laethanta na seachtaine agus na jabanna a bheadh le déanamh gach lá le haire a thabhairt ar pheata.

B'fhéidir gur mhaith leat jabanna a thabhairt do na páistí i do rang fein.



Tá duine i do rang ag dul a thabhairt an pheata ranga abhaile don deireadh seachtaine. Scríobh amach treoracha nó clár ama don duine sin ar an dóigh le haire a thabhairt do pheata sa bhaile.



Lucaí Luchóg (Céim 15)

Tá camóga de dhíth orainn le sos a dhéanamh in abairtí.

Tá siad cosúil leis na spásanna idir na carranna ar an mhótarbhealach!

A Mhamáí, ag deireadh na seachtaine ba mhaith liom súgradh, dul a shnámh, dul chuig na siopaí, dul a scátáil, dul chuig an pháirc agus mo chluichí a imirt.



Agus ná dean dearmad ar do mhadadh! Caithfidh tú é a thabhairt ag siúl, bia a thabhairt dó, uisce a thabhairt dó, glanadh suas ina dhiaidh agus é a thraenáil!



Scríobh liosta de na rudaí atá de dhíth orm le haire a thabhairt don luchóg seo.

Scríobh liosta de na rudaí atá de dhíth orm sa siopa.







Scríobh liosta de na rudaí atá agam i mo mhála scoile agus i mo bhosca lóin.



Scríobh dhá liosta gan chamóga. Tabhair do chara iad leis na camóga a chur isteach duit.

Lucaí Luchóg (Céim 15)

Aimsigh focail ina bhfuil na fuaimeanna seo i do leabhar. Amharc ansin i leabhair eile atá léite agat le cur leis an liosta.



Lucaí Luchóg (Céim 15)

Tá madadh agam. Tá eireaball fada _____.




Maidin mhaith, a mhúinteoir. Cad é atá _____ sa bhosca?



Amharc an luchóg - tá fiaccla géara _____.



Tá an geansaí céanna ag an bheirt _____.



Hé, sibhse! An bhfuil rud éigin suimiúil _____?



Eureka! Tá sé _____!



Creideann siad mé. Níl ciall ar bith _____!



Tá dhá shúil agus béal _____.

